Garda Ombudsman

FIOSRÚCHÁN NEAMHSPLEÁCHAS NEAMHCHLAONTACHT

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015



Garda Ombudsman

FIOSRÚCHÁN NEAMHSPLEÁCHAS NEAMHCHLAONTACHT

Frances Fitzgerald Uasal TD
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
94 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

31 Márta 2016

A Aire, a chara,

Is pléisiúr dúinn an deichiú Tuarascáil Bhliantúil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2015. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Is mise le meas,

An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring, Cathaoirleach

Kieran FitzGerald, Coimisinéir

Carmel Foley, Coimisinéir

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

# GLUAIS GIORRÚCHÁN AGUS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **AIO** | Oifigeach Cúnta Imscrúduithe. |
| **Airteagal 2** | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. |
| **Airmheán** | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. |
| **An Coimisiún Ombudsman** | Coimisinéirí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| **An tAcht** | An tAcht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC, mar atá Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú. Leasaíodh é leis na hAchtanna seo a leanas sa bhliain 2015:<br>Acht an Gharda Síochána (Leasú) 2015<br>Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta) 2015<br><br>Leasaíodh é le hAchtanna eile freisin. Is féidir liosta iomlán de na leasuithe a léamh ag:<br>http://www.irishstatutebook.ie/eli/isbc/2005_20.html#effects |
| **As am** | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearáin faoi. |
| **Comhairle** | Is smachtbhanna araíonachta do bhaill den Gharda Síochána é sin a bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána é a chur i bhfeidhm – is féidir comhairle fhoirmiúil nó comhairle neamhfhoirmiúil a bheith i gceist leis. |
| **DO** | Oifigeach Ainmnithe (oifigeach de chuid GSOC ar ainmnigh an Coimisiún é i scríbhinn chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi Chuid 4 den Acht, rud lena dtagraítear do dhéileáil le 'Gearáin, Imscrúduithe agus Nósanna Imeachta eile'). |
| **ECHR** | An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. |
| **FLC** | Comhordaitheoir Idirchaidrimh le Teaghlaigh (Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i Rannán 2). |
| **FLO** | Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh (Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i Rannán 2). |
| **Gearán** | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar baill aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó ná líomhain amháin in aghaidh ball amháin nó níos mó ná ball amháin den Gharda Síochána a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach baill den Gharda Síochána a mheasúnú ina n-aonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| **Gníomh araíonachta** | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do thrí leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le mionsáruithe, le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach. |
| **GSIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána. |
| **GSOC** | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (an eagraíocht). |
| **Inghlacthacht** | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. (Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i Rannán 1.) |

| | |
|---|---|
| **Imscrúdú** | Mura féidir gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil, caithfear é a imscrúdú. De réir alt 98 den Acht, is é imscrúdaitheoir de chuid GSOC a imscrúdaíonn gearán ar bith a chuimsíonn líomhain go ndearnadh cion coiriúil. Is é GSIO (féach thuas) de ghnáth a imscrúdaíonn gearán a chuimsíonn líomhain de chineál araíonachta agus déanann sé amhlaidh faoi na Rialacháin Araíonachta agus de réir alt 94 den Acht. Más cuí leis an gCoimisiún Ombudsman é, féadfaidh imscrúdaitheoir de chuid GSOC maoirseacht a dhéanamh ar na himscrúduithe sin. |
| **IO** | Oifigeach Imscrúduithe. |
| **IRM** | Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mí na Bealtaine 2014. Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bhí sí ar cheann amháin de na gníomhartha a chomhaontaigh an Rialtas mar fhreagairt do Thuarascáil Guerin. |
| **LEOBAB** | Bord Creidiúnúcháin na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann um Chomhlachtaí Maoirseachta Fhorfheidhmiú an Dlí. |
| **Líomhain** | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó ná líomhain amháin. Tá na líomhaintí ina n-iompraíochtaí aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| **OGP** | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| **Ombudsman an Gharda Síochána** | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (an eagraíocht). |
| **RCBÁC** | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. |
| **Réiteach neamhfhoirmiúil** | Seo é an próiseas a thairgtear i gcás líomhaintí nach bhfuil tromchúiseach, drochmhúineadh, mar shampla. Is éard atá i gceist leis ná go labhraíonn cásoifigeach de chuid GSOC leis an dá pháirtí agus é mar aidhm aige tuiscint níos fearr a ghnóthú ar a ndearcthaí faoi seach agus teacht ar chomhaontú go bhfuil an t-ábhar réitithe. |
| **Rialacháin Araíonachta** | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, arna leasú.<br>Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print |
| **RTC** | Imbhualadh tráchta ar bhóithre. |
| **RTI** | Teagmhas tráchta ar bhóithre. |
| **SIP** | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí). |
| **SIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe. |
| **Smachtbhanna** | Toradh cúirte nó gníomh araíonachta a d'fhéadfadh teacht as imscrúdú. |

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA
## AN 10Ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL


Achoimre Fheidhmeach ..... 7

Réamhrá ..... 8

**Rannán 1: Gearáin ..... 11**
Sonraí barrlíne ..... 11
Cad iad na nithe a ndéanann daoine gearán fúthu? ..... 12
Cairt 1: Cúinsí taobh thiar de na gearáin ..... 12
Cairt 2: Cineálacha líomhna ..... 12
Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh ..... 13
Léarscáil 2: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) ..... 13
Inghlacthacht ..... 14
Cairt 3: Cinntí maidir le hinghlacthacht ..... 14
Gearáin neamh-inghlactha ..... 14
Cairt 4: Cúiseanna le neamh-inghlacthacht ..... 14
Gearáin inghlactha ..... 15
Cairt 5: Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil ..... 15
Torthaí ..... 21
Tábla 1: Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2015 ..... 21

**Rannán 2: Imscrúduithe neamhspleácha a tháinig as tarchur ag an nGarda Síochána ..... 23**
Cairt 6: Cúinsí taobh thiar de na tarchuir ..... 23
Tarchuir a imscrúdú ..... 23
Léarscáil 3: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána, gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh ..... 24
Léarscáil 4: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) ..... 24
Torthaí ..... 25
Tábla 2: Na cineálacha imscrúdaithe a rinneadh agus an toradh a bhí orthu ..... 25

**Rannán 3: Imscrúduithe chun leas an phobail ..... 28**
Cásanna a osclaíodh sa bhliain 2015 ..... 28
Cásanna a bhí ar siúl sa bhliain 2015 ..... 29
Nochtadh cosanta ..... 30

**Rannán 4: Scrúduithe ar chleachtas, ar bheartas agus ar nós imeachta ..... 31**

**Rannán 5: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú ..... 32**
An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh ..... 32
Cairt 7: An t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil ..... 32
Inghlacthacht ..... 34
Iarrataí ar fhaisnéis ón nGarda Síochána ..... 34
Tábla 3: An t-am a tógadh chun freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis ..... 34
Ullmhacht don reachtaíocht nua ..... 35

**Rannán 6: Eolas a thabhairt d'fhorbairt beartais agus do chleachtas póilíneachta .............................. 37**
Tábla 4: Tuairimí ar tarraingíodh aird an Gharda Síochána orthu sa bhliain 2015 .............................. 37

**Rannán 7: Soláthar Foirne .............................. 42**
Cairt 8: Leithdháileadh acmhainní daonna agus struchtúr eagrúcháin .............................. 42

Conclúid .............................. 43

**Aguisín 1: Próifíl na ndaoine a rinne gearán sa bhliain 2015 .............................. 44**
Cairt 9: Inscne .............................. 44
Cairt 10: Aois .............................. 44
Cairt 11: Náisiúntacht .............................. 44
Cairt 12: Tír bhreithe .............................. 44
Cairt 13: Eitneacht .............................. 45
Cairt 14: Céadteanga .............................. 45
Cairt 15: Stádas Sláinte/Míchumais .............................. 45
Cairt 16: Reiligiún .............................. 45
Cairt 17: Stádas tithíochta .............................. 46
Cairt 18: Leibhéal oideachais (an leibhéal is airde) .............................. 46
Cairt 19: Stádas fostaíochta .............................. 46

**Aguisín 2: Próifíl na ngardaí a ndearnadh gearáin fúthu sa bhliain 2015 .............................. 47**
Cairt 20: Céim an Gharda .............................. 47
Cairt 21: Inscne an Gharda .............................. 47

**Aguisín 3: Gníomhaíochtaí dlí sa bhliain 2015 tar éis imscrúduithe coiriúla .............................. 48**

**Aguisín 4: Caiteachas 2015 .............................. 49**

**Aguisín 5: Oiliúint agus forbairt foirne 2015 .............................. 50**

**Aguisín 6: Dearcthaí an phobail 2015 .............................. 51**

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Déantar achoimre i réamhrá na tuarascála seo ar roinnt ábhar a bhí ann sa bhliain 2015 agus a raibh tionchar ar leith acu ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC).

Sna chéad cheithre rannán den tuarascáil seo, tugtar mionsonraí faoi oibríochtaí don bhliain a bhaineann le ceithre phríomhréimse freagrachta GSOC, is iad sin:

**Déileáil le gearáin a bhaineann le hiompar gardaí.** Sa bhliain 2015, fuair GSOC 1,996 ghearán a raibh 4,269 líomhain i gceist iontu. Bhí na cineálacha líomhna cosúil leo sin a rinneadh i mblianta roimhe sin. Bhain thart ar thrian amháin díobh le mí-úsáid údaráis agus bhain trian amháin le faillí i ndualgas. Gan Réigiúin Chathrach Bhaile Átha Cliath a áireamh, ba iad Cill Chainnigh-Ceatharlach, Gaillimh, Dún na nGall agus Luimneach na rannáin de chuid an Gharda Síochána ina ndearnadh na líonta ab airde líomhaintí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go luíonn sé le réasún gur dócha go ndéanfar líon níos airde gearán ó rannáin atá níos mó agus níos gníomhaí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nár measadh gach ceann de na gearáin a bheith inghlactha.

**Imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh, tar éis don Gharda Síochána iad a atreorú, i gcásanna inar cosúil go bhféadfadh gur maraíodh duine nó go ndearnadh díobháil thromchúiseach do dhuine de bharr iompraíocht ball den Gharda Síochána.**
Rinneadh na himscrúduithe sin de réir alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht). Fuarthas 52 tharchur sa bhliain 2015, ar bhain 15 cinn díobh le básanna. Ba iad póilíneacht ar bhóithre agus gabháil na cúinsí ba choitianta taobh thiar de tharchuir den sórt sin. Ba iad RCBÁC Thuaidh, RCBÁC Theas, Cathair Chorcaí, Dún na nGall agus Tiobraid Árann na rannáin de chuid an Gharda Síochána óna ndearnadh an líon ba mhó tarchur. Dúnadh 58 n-imscrúdú tar éis tarchur (a fuarthas sa bhliain 2015 nó i mblianta roimhe) le linn na bliana. Dúnadh geall lena leath go mear. Ba chásanna iad sin nár measadh imscrúdú breise a bheith riachtanach iontu tar éis scrúdú tosaigh. Rinneadh imscrúduithe iomlána ar na cásanna eile agus liostaítear agus mínítear na torthaí a bhí orthu.

**Imscrúdú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le hiompar gardaí nuair is chun leas an phobail é sin a dhéanamh, fiú amháin i gcásanna nach bhfuarthas gearán iontu.**
Rinneadh na himscrúduithe sin de réir alt 102(4) nó alt 102(5) den Acht. Bhí ocht n-imscrúdú chun leas an phobail ar bun ag GSOC cheana féin i dtús na bliana 2015 – críochnaíodh dhá cheann díobh le linn na bliana agus bhí dhá cheann eile beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana. Rinneadh 12 imscrúdú bhreise chun leas an phobail a oscailt sa bhliain 2015. Osclaíodh dhá cheann díobh le cinneadh ón gCoimisiún Ombudsman. Iarrataí ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí sna cinn eile. Tháinig na hiarrataí sin as bunú na Meicníochta Athbhreithnithe Neamhspleách, rud a bhí ar cheann amháin de na gníomhartha a chomhaontaigh an Rialtas mar fhreagairt do Thuarascáil Guerin[1]. Cuireadh ceann amháin den 12 imscrúdú sin i gcrích sa bhliain agus tá na himscrúduithe eile fós ar siúl ag an 31 Nollaig 2015.

**Scrúdú a dhéanamh ar "cleachtas, beartas nó nós imeachta" ar bith de chuid an Gharda Síochána.**
Déantar na scrúduithe sin de réir alt 106 den Acht. Scrúdú amháin den sórt sin, rud a bhain leis an dóigh a gcaitear le daoine a n-athchuireann an chúirt faoi choimeád iad, cuireadh faoi bhráid an Aire é agus foilsíodh é ina dhiaidh sin.

Léirítear i Rannán 5 an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil sa bhliain 2015 agus mínítear ann na tionscnaimh ar tugadh fúthu le linn na bliana chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Bhí laghdú ann ar an am a tógadh chun imscrúduithe coiriúla agus imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht a dhúnadh; i gcodarsnacht leis sin, bhí méadú ann ar an am a tógadh chun cásanna réitigh neamhfhoirmiúil, cásanna araíonachta faoi mhaoirseacht agus cásanna araíonachta GSOC a dhúnadh.

Liostaítear i Rannán 6 na tuairimí a cuireadh in iúl don Gharda Síochána le linn na bliana i gcásanna inar tháinig saincheisteanna sistéamacha chun solais le linn imscrúduithe. Cuireadh 36 mholadh den chineál sin in iúl sa bhliain 2015, agus é mar aidhm leo líon na ngearán den chineál céanna a laghdú nó deireadh a chur leo amach anseo. Tá freagraí tugtha ag an nGarda Síochána cheana féin ar na bearta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna sin. Áirítear na freagraí sin sa rannán.

Sa rannán deiridh, cuirtear síos ar an struchtúr eagrúcháin agus ar an leithdháileadh acmhainní daonna sa bhliain 2015.

1 http://www.merrionstreet.ie/en/wp-content/uploads/2014/05/Final-Redacted-Guerin-Report1.pdf

# RÉAMHRÁ

Ceapadh Cathaoirleach nua chuig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sa bhliain 2015. I mí Eanáir 2015, rinne an tUas. Simon O'Brien, an Cathaoirleach a bhí ann ag an am, GSOC a fhágáil agus d'fhill sé ar an Ríocht Aontaithe. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don obair a rinneadh le linn a thionachta. An 6 Lúnasa 2015, ceapadh an Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring, breitheamh de chuid na hArd-Chúirte, chun an Choimisiúin agus chuaigh sí i mbun an phoist mar Chathaoirleach i mí Mheán Fómhair.

Ar na himeachtaí tábhachtacha sa bhliain bhí rith Acht an Gharda Síochána (Leasú) 2015[2] i mí an Mhárta agus rith Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta) 2015[3] i mí na Nollag.

Ba é an aidhm a bhí leis an gcéad Acht ná Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht) agus reachtaíocht ábhartha eile a leasú agus a nuashonrú trí na príomhathruithe seo a leanas do GSOC a chur ar áireamh iontu:

- Coimisinéir an Gharda Síochána a thabhairt faoi shainchúram GSOC den chéad uair riamh
- An teorainn ama le gearán a dhéanamh le GSOC a shíneadh ó shé mhí go bliain amháin
- Leathnú a dhéanamh ar na cumhachtaí imscrúdúcháin atá ag GSOC maidir le gearáin lena mbaineann iompar coiriúil líomhnaithe
- A chinntiú go gcuireann an Garda Síochána faisnéis atá á lorg ag GSOC le haghaidh imscrúdaithe ar fáil a luaithe is féidir
- Uathriail mhéadaithe a thabhairt do GSOC agus scrúdú á dhéanamh aige ar chleachtais, ar bheartais agus ar nósanna imeachta de chuid an Gharda Síochána.

Rinneadh foráil le hAcht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta) 2015 do bhunú an Údaráis Phóilíneachta nua. Tá an Coimisiún ag tnúth lena bheith ag obair in éineacht leis. Tá roinnt leasuithe breise a bhaineann le GSOC ar áireamh ann freisin.

Tá dóchas ag an gCoimisiún go sonraíonn sé sin tús le céim um athrú reachtaíochta, rud lena gcuirfear ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Agus muid ag ullmhú le haghaidh aon ualaigh mhéadaithe oibre a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis na feidhmeanna nua sin, mhéadaigh an Coimisiún a chuid iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí acmhainní daonna sa bhliain 2015. D'éirigh leis roinnt folúntais thábhachtacha a líonadh. Is gá fós an leibhéal soláthar foirne a thabhairt ar ais chuig an leibhéal bunaidh agus is ábhar leanúnach imní é de bharr na n-athruithe reachtaíochta nua. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag argóint ar son foireann ag a bhfuil acmhainní iomlána chun na cuspóirí don eagraíocht atá leagtha amach san Acht agus sna leasuithe air a chomhlíonadh.

Dúnadh breis agus 2,100 gearán sa bhliain. Dúnadh freisin trí imscrúdú chun leas an phobail agus 58 n-imscrúdú sa bhreis a tháinig as tarchuir ó Choimisinéir an Gharda Síochána. Bhain roinnt díobh le básanna agus imscrúdaíodh iad agus aird á tabhairt ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), rud a dhéileálann leis an gceart chun an bheo agus le cosaint an chirt sin.

Laghdaíodh an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla agus imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht a chríochnú. Is iad na cineálacha imscrúduithe sin is cúis le breis agus trí cheathrú d'imscrúduithe. Bhí an Coimisiún sásta a fheiceáil gur leanadh sa bhliain 2015 de rath a bheith ar fheabhsuithe, agus iad bainte amach de bharr roinnt tionscnamh sa bhliain 2014.

Cuireadh scrúdú ar chleachtas, ar bheartas agus ar nós imeachta an Gharda Síochána faoi alt 106 den Acht i gcrích sa bhliain 2015. Is é sin an dara scrúdú den chineál sin atá déanta ag GSOC. Díríodh é ar an tsaincheist um dhéileálacha an Gharda Síochána le daoine a n-athchúireann an chúirt faoi choimeád iad. Cuireadh sraith moltaí ar áireamh sa scrúdú agus tá súil ag an gCoimisiún go gcabhróidh siad le dul i ngleic leis na leochaileachtaí atá ann cheana agus le muinín an phobail as an gcóras a mhéadú.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh scrúduithe den sórt sin leas a bhaint as taithí ár bhfoirne chun cur ar bhealach dearfach cuiditheach le feabhas leanúnach an chórais phóilíneachta. De bharr an leasaithe reachtaigh a rinneadh sa bhliain lena dtugtar tuilleadh

2 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/3/enacted/en/print.html
3 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/49/enacted/en/html

neamhspleáchais don Choimisiún agus scrúduithe den sórt sin á dtionscnamh aige, tá súil ag GSOC go gcuirfidh na scrúduithe tuilleadh le feabhsuithe den sórt sin.

De bhreis ar na moltaí atá sa scrúdú thuas, chuir GSOC 36 thuairim sa bhreis faoi bhráid an Gharda Síochána sa bhliain 2015. Bhain siad le saincheisteanna a tháinig chun solais le linn imscrúduithe. Tá súil ag an gCoimisiún go dtabharfaidh siad sin eolas d'fhorbairt beartais agus do chleachtas póilíneachta freisin, rud a chabhróidh le laghdú a dhéanamh ar an líon gearán a dhéantar faoi ghardaí. Thug sé misneach don Choimisiún a thabhairt faoi deara go raibh glacadh ní ba dhearfaí ann le tuairimí den sórt sin ón nGarda Síochána le bliain anuas. Dea-shampla ba ea an treoir a d'fhoilsigh Coimisinéir an Gharda Síochána le déanaí inar foráladh nach ndéanfadh ball ar bith den Gharda Síochána imscrúdú ná ionchúiseamh ar chás ina bhfuil sé ar an bpáirtí díobháilte líomhnaithe. Tháinig sé sin as tuairimí i dtaca leis an ábhar a chuir GSOC in iúl. Táthar ag coinne leis go gcomhroinnfear na moltaí sin le Cigireacht an Gharda Síochána agus, nuair is cuí, leis an Údarás Póilíneachta, sa bhliain 2016 chun cabhrú le réimsí imní coitinne a shainaithint. Táthar ag coinne leis go gcomhroinnfear na moltaí sin le Cigireacht an Gharda Síochána agus, nuair is cuí, leis an Údarás Póilíneachta, sa bhliain 2016 chun cabhrú le réimsí imní coitinne a shainaithint.

Ghlac GSOC cur chuige aontaithe maidir le gearáin a fuarthas faoi ghné áirithe den phóilíneacht ar tarraingíodh aird shuntasach uirthi sa bhliain 2015, mar atá póilíniú na n-agóidí in aghaidh muirir uisce. Láraíodh gach imscrúdú den sórt sin faoi oifigeach sinsearach imscrúduithe ionas go ndéanfaí saincheisteanna athfhillteacha nó saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith sistéamach a shainaithint go réidh. Chomh maith leis sin, scrúdaíodh nósanna imeachta an Gharda Síochána i gcomhthéacs na n-imscrúduithe chun a fháil amach cé acu ba cheart nó nár cheart aon mholtaí a dhéanamh chun an dóchúlacht go dtiocfadh gearáin bhreise den sórt sin aníos a laghdú. Déantar cur síos níos mine ar leathanach 20 ar an gcur chuige agus ar na torthaí.

Leanamar ar aghaidh ag dul i dteagmháil le dhá Choimisiún Fiosraithe, ceann amháin a bhfuil an Breitheamh Onórach Nial Fennelly i gceannas air agus ceann eile a bhfuil an Breitheamh Onórach Kevin O'Higgins i gceannas air. Bhí siad ar siúl fós amhail an 31 Nollaig 2015.

An 12 Meitheamh 2015, bhunaigh Frances Fitzgerald Uasal TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Fiosrúchán faoi alt 109 den Acht. Faoi mhaoirseacht an Bhreithimh Onóraigh Frank Clarke, Breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, bunaíodh an Fiosrúchán faoi na téarmaí seo a leanas:

*"Fiosrúchán ar iompar na n-oifigeach ainmnithe de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus iad ag comhlíonadh feidhmeanna faoi alt 98 nó alt 99 d'Acht 2005 i dtaca leis an imscrúdú a rinne an Coimisiún Ombudsman san ábhar a tharchuir Coimisinéir an Gharda Síochána chuige an 1 Eanáir 2015 faoi alt 102(1) d'Acht 2005, ar ábhar é a bhain leis an teagmháil a bhí ag baill den Gharda Síochána le Sheena Stewart Uasal go luath ar maidin an 1 Eanáir i mBéal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall, tamall beag sula bhfuair an Iníon Stewart bás in imbhualadh tráchta ar bhóithre."*

Le linn imscrúdaithe a rinne GSOC sa bhliain 2015 tar éis tarchuir ón nGarda Síochána[4] a tháinig as bás Sheena Stewart i dteagmhas tráchta ar bhóithre, fuair an Sáirsint Michael Galvin, a d'oibrigh i Stáisiún Gardaí Bhéal Átha Seanaidh, bás an 28 Bealtaine 2015. Aithníonn GSOC an caillteanas domhain a d'fhulaing muintir Stewart agus muintir Galvin, cairde leo agus comhghleacaithe leo de dheasca an dá bhás thragóideacha sin.

Bhí an Fiosrúchán fós ar siúl amhail an 31 Nollaig 2015. Is léir go mbainfidh an-tábhacht le toradh an Fhiosrúcháin maidir le GSOC agus leis na teaghlaigh lena mbaineann. Táthar dóchasach gur féidir le GSOC tógáil ar fhoghlaim ar bith a d'fhéadfadh teacht as tuarascáil an Fhiosrúcháin sa bhliain 2016.

Soláthraíodh modúil i dtaca le GSOC i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, sa bhliain 2015 le haghaidh sraith cúrsaí oiliúna um ardú céime chuig céim an tsáirsint agus céim an chigire. Chomh maith leis sin, d'fhreastail ionadaithe do GSOC ar roinnt cruinnithe i rannáin de chuid an Gharda Síochána. Chuir siad staitisticí gearáin a bhain go sonrach le gach

4 Foráiltear an méid seo le halt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005: "Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].

ceann díobh i láthair lena linn chun cabhrú le foirne bainistíochta rannáin an líon gearán a laghdú. Fuarthas aiseolas dearfach ón gclár sin agus tá súil againn gur féidir linn na cruinnithe comhthairbheacha sin a leathnú chuig tuilleadh rannán de chuid an Gharda Síochána sa bhliain 2016.

Ghlac an Coimisiún agus bail foirne eile páirt i roinnt cruinnithe agus imeachtaí trasghníomhaireachta ar fud na bliana d'fhonn aon fhoghlaim ábhartha a thabhairt ar ais don eagraíocht. Áiríodh leo sin cur le seimineár idirnáisiúnta d'institiúidí rialaithe agus maoirseachta póilíneachta ar eagraigh Ionad na Ginéive um Rialú Daonlathach na bhFórsaí Armtha (DCAF) é; imeacht oiliúna um Idirchaidreamh le Teaghlaigh a reáchtáil ar fhreastail ionadaithe d'Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann, do Choimisiún Neamhspleách na Ríochta Aontaithe um Ghearáin Phóilíneachta agus do Choimisiún Imscrúduithe agus Athbhreithnithe Póilíneachta na hAlban air; agus freastal ar imeacht comhchainteanna a ndearna Ombudsman Póilíneachta Thuaisceart Éireann óstáil air inar pléadh gach a mbeadh i ndán do mhaoirseacht phóilíneachta sa todhchaí. Chomh maith leis sin, bhí GSOC ina cheannródaí maidir le comhdháil foirne tionscnaimh a eagrú le haghaidh na seacht n-oifig Ombudsman in Éirinn, áit ar pléadh cosúlachtaí agus difríochtaí sna cineálacha cur chuige a ghlactar maidir le láimhseáil gearán agus le himscrúduithe. Tá bród ar an gCoimisiún as foireann eolasach ghníomhach a bheith aige, foireann a bhfuil meas ag a piaraí ar an méid a chuireann sí le réimse na maoirseachta.

Choimisiúnaigh GSOC taighde neamhspleách ar dhearcthaí an phobail chun tomhas a dhéanamh ar athrú ar bith a tháinig ar thuairimí an phobail ó rinneadh an taighde neamhspleách ba dhéanaí dhá bhliain ó shin. Bhí sé ina chúis sásaimh a fheiceáil go ndúirt seachtar as gach deichniúr Éireannach fásta go gcuireann Ombudsman an Gharda Síochána seirbhís thábhachtach ar fáil agus go gcreideann an tromlach go gcaithfeadh Ombudsman an Gharda Síochána go cothrom leo dá mbeadh fadhb acu. Tá sé ina chúis imní, áfach, nár luaigh ach leath an phobail a ndearnadh suirbhé air go bhfuil muinín acu as cumas Ombudsman an Gharda Síochána fadhbanna a réiteach. Díreoidh an Coimisiún sa bhliain 2016 ar shamhail réitigh a bhaint amach.[5]

Tá an Coimisiún fós den tuairim gur fearr freagairt bhainistíochta ná freagairt araíonachta a úsáid chun déileáil le gearáin áirithe a dhéantar le GSOC, go háirithe na gearáin sin a bhaineann le cáilíocht na seirbhíse a chuireann gardaí aonair ar fáil. Chuirfeadh sé sin feabhas ar chumas an Gharda Síochána a chuid pearsanra a fhorbairt le go mbeadh siad in ann freagraí a thabhairt don phobal agus teagmháil a dhéanamh leis go cuí. Is dian ar acmhainní do GSOC agus don Gharda Síochána atá na cineálacha sin gearáin sa dóigh a ndéileáiltear leo faoi láthair.

Is ann do ghá gaolmhar faoi láthair le tuilleadh rannpháirtíochta a bheith á ghlacadh ag gardaí sa phróiseas um réiteach neamhfhoirmiúil. Éascaíonn an cineál sin ceartais aisiríoch réiteach tráthúil i gcásanna a chuimsíonn mionghearán go minic agus inar minic a bhíonn an gearánach ag iarraidh aitheantas cuí a fháil ar an bhfíric nár chun a shástachta a bhí an teagmháil a bhí aige le ball den Gharda Síochána agus nach mian leis go gcuirfí smacht foirmiúil ar an ngarda. Tá ardleibhéil sástachta faighte ag GSOC ón dá pháirtí i gcásanna inar úsáideadh an cineál sin réiteach gearáin agus ba mhaith leis go n-úsáidfí an próiseas tuilleadh sa bhliain 2016. Is eol do GSOC freisin gur réimse é ina bhféadfadh gur ghá athchóiriú reachtach a dhéanamh. Chuige sin, chuir an Coimisiún athchóirithe molta faoi bhráid an Aire sa bhliain 2015. Cuireadh cruinnithe ar siúl sa bhliain 2015 leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais inar pléadh an tsaincheist sin agus saincheisteanna eile agus tá sé beartaithe go bhforbrófar na saincheisteanna sin sa bhliain 2016.

5 Rinneadh taighde mar chuid de Shuirbhé Ollchláir Duine le Duine (Barometer) ó Behaviour & Attitudes. Féach Aguisín 6 chun tuilleadh torthaí a fháil.

# RANNÁN 1: GEARÁIN

## SONRAÍ BARRLÍNE

### GLAONNA

**4,832**

an líon glaonna ar uimhir íosghlao, agus iad á bhfreagairt ag Cásoibrithe.

**99%**

an céatadán de na glaonna a fuarthas ar freagraíodh dóibh laistigh de 60 soicind.

**392**

an líon daoine ar buaileadh leo go pearsanta inár n-oifig phoiblí.

### CEISTEANNA

**3,118**

an líon de na teagmhálacha tosaigh sin a osclaíodh mar "ceisteanna" ar dtús inár gcóras cásanna.
A luaithe a fhaightear faisnéis dhóthanach, déantar stádas na ceiste a uasghrádú ina ghearán foirmiúil.

### GEARÁIN

**1,996**

an líon gearán a osclaíodh sa bhliain 2015 – rud ar laghdú 11% é ar an bhfigiúr don bhliain roimhe.

**4,269**

an líon líomhaintí a bhí ann laistigh de na gearáin sin (toisc gur féidir roinnt líomhaintí éagsúla a bheith ann i ngearán amháin).

Féach próifílí na ndaoine a rinne gearáin agus na gardaí a ndearnadh gearán fúthu in Aguisíní 1 agus 2.

## CAD IAD NA NITHE A nDÉANANN DAOINE GEARÁN FÚTHU?

**Mí-úsáid Údaráis**

Is iad úsáid iomarcach fornirt agus treoir chun rud éigin a measann an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nach raibh údarás ag an ngarda é a éileamh na príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar 'mí-úsáid údaráis'.

**Faillí i nDualgas**

Gnáthshamplaí de 'faillí i ndualgas' is ea líomhaintí gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, gan glao teileafóin a chur ar ais ar dhuine ag taobh amháin den scála agus coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart ag an taobh eile.


**Cionta Coiriúla**

Gnáthshampla de chion coiriúil is ea líomhain maidir le hionsaí.


**Míchúirtéis**

Gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine.


**Cairt 1:** Cúinsí taobh thiar de na gearáin





**Cairt 2:** Cineálacha líomhna



**Léarscáil 1:** Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh)





**Léarscáil 2:** Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)



## INGHLACTHACHT

Déantar gearáin a fhaightear a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh lena n-imscrúdú.

**Cairt 3:** Cinntí maidir le hinghlacthacht




Inghlactha / Inghlactha go Páirteach (56%)
Neamh-inghlactha (40%)
Ar feitheamh (3%)
Tarraingíodh an gearán siar roimh an gcinneadh (1%)

### Conas a chinnimid cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar gearán le haghaidh imscrúdú?


De réir alt 87 den Acht, féadfaimid gearán a ghlacadh más rud é:

- **go** ndéanann duine a dtéann an t-iompar is ábhar don ghearán i bhfeidhm air nó duine a fheiceann an t-iompar an gearán ((nó, i gcúinsí áirithe, go ndéantar an gearán thar a cheann).
- **go** mbaineann an gearán le hiompar a bheadh cothrom le mí-iompar ag ball den Gharda Síochána dá gcruthófaí é.
- **go** ndéantar an gearán laistigh den teorainn ama (arb ionann é ón 9 Márta 2015 i leith agus laistigh de bhliain amháin ón teagmhas).
- **nach** gearán suaibhreosach ná cráiteach é.
- **nach** mbaineann an gearán le hordú ginearálta ná rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda Síochána.
- **nach** mbaineann an gearán le hiompar arna dhéanamh ag ball den Gharda Síochána nuair a bhí an ball as dualgas, **ach amháin** sa chás gur dhócha go dtarraingeodh an t-iompar míchlú ar an nGarda Síochána dá gcruthófaí é.

## GEARÁIN NEAMH-INGHLACTHA

Sa bhliain 2015, ba neamh-inghlactha a bhí 803 cinn de na gearáin a fuarthas. Léirítear sa chairt thíos na cúiseanna leis sin.

**Cairt 4:** Cúiseanna le neamh-inghlacthacht




Níor mhí-iompar é an t-iompar a ndearnadh gearán faoi (68%)
Bhí an gearán as am (23%)
Ní raibh údarás ag an duine gearán a dhéanamh (3%)
Bhí an gearán faoi rialú ginearálta agus faoi stiúir ghinearálta an Gharda Síochána (3%)
Bhí an gearán suaibhreosach nó cráiteach (2%)
Ní raibh an Garda ar dualgas (1%)
Níor Gharda é an duine a ndearnadh gearán faoi (0.5%)

Ba í an chúis ba choitianta – a tugadh in 552 chás – ná nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina shárú ar na Rialacháin Araíonachta fiú amháin dá gcruthófaí é. Baineann sé sin le cásanna ina gcreideann an duine a bhfuil gearán á dhéanamh aige go raibh rud á dhéanamh ag an ngarda nach raibh cead aige/aici é a dhéanamh, cé go dtarlaíonn sé go raibh an cead sin aige/aici. Samplaí coitianta de sin is ea gearáin ó dhaoine a fuair pointí pionóis nó fíneálacha páirceála: cé go bhféadfadh go mbeadh forais acu chun agóid a dhéanamh ina n-aghaidh, ní hé GSOC an comhlacht iomchuí chun déileáil le hábhair den sórt sin toisc nach ndearna an garda a chuir an smachtbhanna i bhfeidhm sárú araíonachta agus é sin á dhéanamh aige.

Ba é an dara cúis ba choitianta nár glacadh le gearán lena imscrúdú ná go bhfuarthas an gearán lasmuigh den teorainn ama a shonraítear in alt 84 den Acht. Sa

bhliain 2015, cinneadh 181 ghearán a bheith neamh-inghlactha ar an gcúis sin.

An 9 Márta 2015, athraíodh an teorainn ama sin ó 6 mhí tar éis dháta an iompair ba chúis leis an ngearán go bliain amháin. Mar sin féin, tugtar leis an reachtaíocht freisin lánrogha do GSOC gearán a fuarthas lasmuigh den teorainn ama a ghlacadh i gcásanna ina measann sé go bhfuil dea-chúiseanna ann le déanamh amhlaidh. Sa bhliain 2015, ghlac GSOC 34 ghearán 'as am' i gcásanna inar measadh go raibh dea-chúis ann leis an gcás a ghlacadh.

### Gearáin 'as am' a ghlacadh le dea-chúis

Gach bliain, glacann GSOC thart ar 10-15% de ghearáin atá 'as am'.


Tá gá praiticiúil ann le teorainn ama mar gurbh fhéidir go mbeadh sé níos deacra, ag brath ar chineál an cheana líomhnaithe, fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, ráitis bheachta a fháil, etc., agus tríd sin, imscrúdú éifeachtach a dhéanamh de réir mar a mhéadaíonn an tréimhse ama idir an teagmhas líomhnaithe agus déanamh an ghearáin agus aon imscrúdú ina dhiaidh sin.

Mar sin féin, measann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána gurb é atá sa lánrogha thuas chun gearán a ghlacadh i gcásanna cuí, cé go bhfuil sé 'as am', ná cosaint an-tábhachtach sa phróiseas maoirseachta.

## GEARÁIN INGHLACTHA

Sa bhliain 2015, bhí líomhain inghlactha amháin ar a laghad ann in 1,102 chás. Mar sin, glacadh iad lena n-imscrúdú agus déileáladh leo ar cheann amháin de chúig bhealach, mar a shonraítear thíos.

**Cairt 5:** Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil



**Imscrúduithe coiriúla**

Imscrúdú coiriúil ag GSOC (faoi alt 98 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a dhéanann imscrúdú ar gach líomhain maidir le cionta coiriúla ag gardaí (mar shampla, ionsaí). Osclaíodh 386 imscrúdú coiriúil sa bhliain 2015.

**Cás-Staidéar**

Rinne fear gearán le hOmbudsman an Gharda Síochána inar líomhnaíodh gur bhuail ball den Gharda Síochána dorn san aghaidh air agus gur bhagair sé air go mbuailfeadh sé arís é nuair a bhí corpchuardach á dhéanamh aige air le linn cuardaigh ar theach carad.

Ba é imscrúdaitheoir de chuid GSOC a rinne imscrúdú coiriúil (faoi alt 98 den Acht). Fuarthas ráitis ón ngearánach agus ón mball den Gharda Síochána lenar bhain. Níor éirigh leis an imscrúdaitheoir ráiteas a fháil ón bhfinné aonair, duine a dhiúltaigh do chomhoibriú leis an imscrúdú. Fuarthas na doiciméid ar fad a bhain leis an gcuardach agus leis an teagmhas líomhnaithe ón nGarda Síochána. Fuarthas amach nach raibh aon fhianaise leighis ná aon fhianaise eile ar fáil lenar comhthacaíodh leis an líomhain ionsaithe. Cé is moite de ráitis an ghearánaigh é féin, níorbh ann d'aon fhianaise lenar comhthacaíodh le líomhain an ghearánaigh.

Scoireadh den imscrúdú nuair a bhí sé soiléir nach raibh aon bhealaí imscrúdaithe eile ann a d'fhéadfaí a iniúchadh le réasún.

**Cás-Staidéar**

Bhí fear a bhí amuigh go mall san oíche sna laethanta roimh Nollaig ag siúl abhaile ag 5am, agus é ar meisce. Chuaigh sé isteach i stáisiún gardaí chun a fhiafraí cén áit a bhféadfadh sé bus abhaile a fháil. Insíodh dó nach raibh na busanna ar siúl ag an am sin agus go mbeadh air tacsaí a fháil. Léirítear sa TCI ó stáisiún na ngardaí gur imigh sé ón stáisiún agus gur shiúil sé chuig an gcéad acomhal eile, áit a ndearna sé iarracht, de réir cosúlachta, ceann de na doirse cúil de charr páirceáilte a oscailt. Feictear seisear gardaí agus iad ag teacht amach as an stáisiún agus ag siúl ina threo. Le linn do gharda amháin labhairt leis, feictear garda eile agus é ag leagan an fhir chun na talún agus á gciceáil arís agus arís eile sula ndearnadh é a ghabháil agus a thabhairt chun an stáisiúin.

***ar lean...***

Chuir maoirseoir an stáisiúin tuarascáil ar an ábhar faoi bhráid a cheannfoirt, duine a cheap cigire lena imscrúdú. Bhuail an cigire leis an íospartach, thaispeáin sé an píosa scannáin teilifís chiorcaid iata (TCI) dó agus phléigh siad an teagmhas. Cuireadh an t-ábhar ar aghaidh chuig GSOC ina dhiaidh sin mar ghearán (ar aon dul le halt 85 den Acht) agus osclaíodh imscrúdú faoi alt 98.

Fuair an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC an píosa scannáin TCI ón nGarda Síochána inar léiríodh na himeachtaí a ndéantar cur síos orthu thuas. Ba léir ón bpíosa scannáin nár bhagairt ar na gardaí é an fear i gceist agus nár ghníomhaigh sé ar bhealach ionsaitheach. Is féidir ionsaí a rinne garda ar an bhfear a fheiceáil. Mhair sé thart ar 12 shoicind. Léirítear i bpíosa scannáin a tógadh as ceamara eile gur scairt maoirseoir an stáisiúin isteach ina oifig ar an ngarda lenar bhain tar éis don ghrúpa teacht isteach sa stáisiún.

Aimsíodh san imscrúdú gur tháinig an gearánach ar aire gardaí dhá ócáid roimhe sin san uair roimh an teagmhas sin mar go ndearna sé iarracht dul isteach i mbrú agus i veain de chuid an Gharda Síochána faoi seach. I ráiteas an ghearánaigh, dúirt sé nár chuimhin leis é mar go raibh sé ar meisce agus dúirt sé gur chuir a iompar féin náire air. Dúirt sé, mar sin féin, go raibh freagracht shóisialta air as an ábhar a fhiosrú. Dúirt sé nach raibh aon díobhálacha soiléire aige tar éis an teagmhais agus nár iarr sé cóir leighis, cé go raibh pian ina chromán, ina dhroim, ina easnacha agus ina uillinn aige.

Cuireadh agallamh ar an ngarda lenar bhain tar éis rabhaidh. Dúirt sé go ndeachaigh sé i muinín na láimhe láidre mar gur mheas sé an gearánach a bheith ina bhagairt agus neamh-chomhoibríoch. An chúis a tugadh lena mhothú go raibh an gearánach ina bhagairt agus neamh-chomhoibríoch, tháinig sí salach ar an bhfianaise TCI.

Tugadh ráitis ó gach ball eile den Gharda Síochána lenar bhain. Scrúdaíodh roinnt píosaí eile fianaise le linn an imscrúdaithe, lenar áiríodh éadaí, coisbheart, tarchuir raidió Tetra, an córas PULSE, nótaí agus na doiciméid go léir eile ón nGarda Síochána.

Ba é tátal an Choimisiúin Ombudsman gurbh ann do chás prima facie le freagairt. Cuireadh comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. D'ordaigh sé ionchúiseamh mar gheall ar ionsaí. Tar éis trialach sa Chúirt Dúiche, fuarthas an garda ciontach ar ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Tugadh seirbhís pobail 200 uair dó.

## Imscrúduithe araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

**Réiteach neamhfhoirmiúil** (faoi alt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d'Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, e.g. i gcásanna ina ndearna duine gearán nár tugadh a réadmhaoin ar ais dó. Bíonn sé sin níos tapa ná imscrúdú foirmiúil. Is próiseas deonach é agus tá toiliú an dá pháirtí ag teastáil ann. Osclaíodh 150 cás réitigh neamhfhoirmiúil sa bhliain 2015.

### Cás-Staidéar

Rinneadh ionsaí ar fhear roinnt blianta ó shin. Níor thug sé ráiteas ag an am, áfach. Rinne sé teagmháil leis an mball imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána an athuair le déanaí. Chuir an ball sin in iúl dó go bhféadfadh sé ráiteas a thabhairt ag stáisiún áitiúil Gardaí agus go gcuirfí an ráiteas ar aghaidh chuige. Dúirt sé go ndearna sé amhlaidh i mí na Samhna 2014 agus gur cuireadh a ráiteas ar aghaidh chuig an mball imscrúdaithe. Rinne sé gearán nach ndearna an ball teagmháil leis ó shin i leith, cé gur gheall a stáisiún áitiúil dó go ndéanfaí teagmháil leis a luaithe is a bheadh sé faighte ag an mball imscrúdaithe.

Glacadh an gearán agus measadh é a bheith oiriúnach do réiteach neamhfhoirmiúil (faoi alt 90 den Acht). Thoiligh an dá pháirtí leis.

Trí ghlaonna gutháin idir an cásbhainisteoir de chuid GSOC agus an gearánach agus idir an cásbhainisteoir de chuid GSOC agus an garda lenar bhain, tugadh míniú ar chúrsaí reatha an dá pháirtí agus ar na bearta a rinne an ball den Gharda Síochána tráth an teagmhais.

Cruthaíodh teagmháil idir an gearánach agus an ball den Gharda Síochána an athuair. Chomhaontaigh an dá pháirtí gur réitíodh an gearán go rathúil agus dúnadh an t-ábhar.

**Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána** (faoi alt 94 den Acht) – Is iad Ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a thugann faoi imscrúduithe den sórt sin ar aon dul leis na Rialacháin Araíonachta. Féadfaidh GSOC a chinneadh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé maoirseacht ar an imscrúdú. Ní dhéantar maoirseacht ar fhormhór na ngearán a tharchuirtear chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena n-imscrúdú faoi alt 94.

- Más imscrúdú gan mhaoirseacht é, de réir na bprótacal atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór an t-imscrúdú a chríochnú agus ní mór tuarascáil deiridh a eisiúint ina leith laistigh de 16 seachtaine. Gnáthshamplaí de chásanna a ndéantar imscrúdú orthu ar an mbealach sin is ea líomhain nár imscrúdaíodh coir thuairiscithe i gceart. Osclaíodh 454 chás den sórt sin sa bhliain 2015.

### Cás-Staidéar

D'fhreastail bean ar cheolchoirm i bpáirc ar iarr garda uirthi cruthúnas aitheantais agus aoise a thaispeáint lena linn. Taispeánadh doiciméid chuí. Bhí an garda neamhchinnte faoina bharántúla a bhí siad agus ghabh sé iad. D'iarr an gearánach ag roinnt stáisiúin ghardaí go dtabharfaí a doiciméid ar ais di ach níorbh eol di ainm ná uimhir ghualainne an gharda lenar bhain. Rinneadh gearán le hOmbudsman an Gharda Síochána mar nár tugadh na doiciméid ar ais.

Glacadh an gearán agus measadh é a bheith oiriúnach d'imscrúdú araíonachta faoi alt 94(1) den Acht. Rinne an tOifigeach Imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána fiosruithe chun a fháil amach cérbh é an ball den Gharda Síochána a ghabh na doiciméid. D'éirigh leis déanamh amhlaidh agus tugadh na doiciméid ar ais. Ós rud é go raibh sé mar aidhm phríomha ag an ngearánach na doiciméid a gabhadh a fháil ar ais, tharraing sí a gearán siar, toisc gur réitíodh an tsaincheist shubstainteach.

## Cás-Staidéar

Fuarthas gearán ag deireadh na bliana 2014 ó dhuine a ndúirt go ndearnadh ionsaí uirthi an bhliain roimhe sin. Luaigh sí sa ghearán nár imscrúdaigh an Garda Síochána an t-ionsaí agus go ndearna sí roinnt iarrachtaí teagmháil a dhéanamh leis an ngarda imscrúdaithe thar roinnt míonna. Luaigh sí nach bhfuair sí freagra ar bith.

Rinneadh an gearán a ghlacadh agus a ainmniú le haghaidh imscrúdú faoi alt 94(1) den Acht. Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) agus d'imscrúdaigh sé an t-ábhar. Fuair an GSIO an garda lenar bhain a bheith ag sárú na Rialachán Araíonachta toisc gur theip air an t-ionsaí a thuairiscigh an bhean a imscrúdú agus gur theip air an teagmhas a thaifeadadh ar an gcóras PULSE de chuid an Gharda Síochána. Moladh an smachtbhanna um laghdú i bpá a dhéanamh. Sheas Ard-Cheannfort an Rannáin leis an moladh ó GSOC agus chuir sé toradh an imscrúdaithe in iúl don ghearánach agus don gharda lenar bhain. Cuireadh GSOC ar an eolas freisin agus thairg sé athbhreithniú don ghearánach.

Ní raibh an gearánach sásta le toradh an imscrúdaithe agus d'iarr sí go ndéanfadh imscrúdaitheoir ó GSOC athbhreithniú air. Rinneadh an t-athbhreithniú agus fuair an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC go raibh an t-imscrúdú críochnúil agus cuí agus gur thángthas ar an toradh cuí.

Cuireadh cinneadh GSOC in iúl don gharda, don ghearánach agus do Choimisinéir an Gharda Síochána agus dúnadh an cás.

- Más imscrúdú faoi mhaoirseacht é (rud dá bhforáiltear le halt 94(5) den Acht), féadfaidh imscrúdaitheoir ainmnithe de chuid GSOC teacht le chéile leis an gCeannfort de chuid an Gharda Síochána chun an plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir ainmnithe gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil dó. De réir na bprótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain. D'fhéadfadh sampla de chásanna den sórt sin líomhain thromchúiseach maidir le faillí i ndualgas a fholú. Osclaíodh 87 gcás den sórt sin sa bhliain 2015.

## Cás-Staidéar

Fuarthas gearán ó dhuine a líomhain nár imscrúdaíodh go cuí gearán a rinne sí le gardaí faoi chion gnéasach agus nár coinníodh ar an eolas í faoin dul chun cinn ar a cás mar ba chuí.

Ainmníodh an gearán le haghaidh imscrúdú de bhun alt 94(5) d'Acht an Gharda Síochána 2005 - imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht.
Ba é Oifigeach Imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána ag céim an Cheannfoirt a d'imscrúdaigh an t-ábhar agus ba é Oifigeach Ainmnithe de chuid Ombudsman an Gharda Síochána a mhaoirsigh é.

Rinneadh go leor fiosruithe mar chuid den imscrúdú, lenar áiríodh ráitis ó fhinnéithe a ghlacadh, agallaimh leis an gceathrar ball den Gharda Síochána lenar bhain, athbhreithniú ar an imscrúdú bunaidh a rinne an Garda Síochána agus athbhreithniú ar fhianaise dhoiciméadach eile. Fuarthas tuarascáil ón gCeannfort agus d'ordaigh Oifigeach Ainmnithe Ombudsman an Gharda Síochána tuilleadh imscrúdaithe dá éis. Ba éard a bhí i gceist leis sin tuilleadh fiosruithe agus tuilleadh ceisteanna a cuireadh ar na baill lenar bhain.

Fuarthas tuarascáil ina dhiaidh sin ón gCeannfort. Moladh sa tuarascáil go bhfaighfí gur sháraigh beirt den cheathrar ball rialacháin araíonachta, amhail Faillí i nDualgas, mar gur theip orthu an gearánach a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn ar a cás mar ba chuí. Thacaigh Ombudsman an Gharda Síochána leis na moltaí a rinne an ceannfort.

**Imscrúdú neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC** (faoi alt 95 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a fhéadfaidh tabhairt faoi chásanna áirithe nach bhfuil cionta i gceist leo de réir dealraimh agus a bhféadfadh ábhair araíonachta a bheith i gceist leo. Osclaíodh trí chás den sórt sin sa bhliain 2015.

## Cás-Staidéar

Rinne fear a ndearnadh ionsaí air gearán faoi ghnéithe den imscrúdú a rinne an Garda Síochána. Áiríodh líomhain choiriúil agus líomhain araíonachta lena ghearán. Ba é an líomhain choiriúil ná gur ghabh gaol leis an duine a rinne ionsaí air don fhianaise. Ba bhall den Gharda Síochána é an gaol. Ba é an líomhain araíonachta ná go ndearnadh faillí i láimhseáil na fianaise ag an triail.

Imscrúdaíodh an líomhain choiriúil ar an gcéad dul síos (faoi alt 98 den Acht). Níor aimsíodh aon fhianaise lenar comhthacaíodh leis an líomhain.

Rinne imscrúdaitheoir de chuid Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú ansin (faoi alt 95 den Acht) ar an líomhain go ndearnadh faillí le linn na trialach agus ar ábhair eile a tháinig aníos san imscrúdú coiriúil roimhe sin. Aimsíodh roinnt cásanna ar féidir go ndearnadh faillí i ndualgas iontu:

- Mainneachtain dáta a chur le ráitis
- Mainneachtain ráiteas lámhscríofa a scríobh amach go cruinn, rud ba chúis le deacrachtaí do chás na gcúisitheoirí
- Mainneachtain fianaise a thaispeáint don té atá faoi amhras ciona nuair a bhíothas á cheistiú.

Cuireadh tuarascáil chuig Coimisinéir an Gharda Síochána. Sheas sé leis na breitheanna sin agus chuir sé smachtbhannaí araíonachta i bhfeidhm maidir le laghdú i bpá a dhéanamh agus comhairle a thabhairt don gharda lenar bhain.

## Athbhreithnithe ar imscrúduithe araíonachta

Má tá gearánach míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht a rinne Ceannfort de chuid an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadfaidh sé a iarraidh go ndéanfadh oifigeach de chuid GSOC athbhreithniú ar an ábhar. Is é an ról atá ag GSOC sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh cuí air (i.e. gan ath-imscrúdú a dhéanamh).

Níl an chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh nó an toraidh. Tugaimid tuairisc do Choimisinéir an Gharda Síochána i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoin dóigh ar thángthas ar thoradh an imscrúdaithe. Ós rud é gur cuireadh an próiseas araíonachta i gcrích, ní féidir an cás a athoscailt ná an toradh a athrú. Táthar dóchasach, áfach, go gcuirfidh an t-aiseolas le laghdú ar shaincheisteanna den chineál céanna in imscrúduithe sa todhchaí.

Fuarthas 100 iarraidh ar athbhreithniú sa bhliain 2015 (i dtaca le himscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2015 nó i mblianta eile). Cuireadh 86 cinn i gcrích faoi dheireadh na bliana. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh, scríobh GSOC chuig Coimisinéir an Gharda Síochána in dhá cheann de na cásanna sin maidir leis an dóigh ar tugadh faoin imscrúdú agus/nó toradh an imscrúdaithe agus/nó an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Sna cásanna eile, níor tháinig aon ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú ar an ngearán, ar thoradh an imscrúdaithe ná ar an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm (dá mb'ann dó).

Cás-Staidéar

**Na hagóidí in aghaidh muirir uisce a phóilíniú**

Idir mí Mheán Fómhair 2014 agus mí Lúnasa 2015, fuair GSOC thart ar 40 gearán a bhain leis an dóigh ar póilíníodh na hagóidí in aghaidh muirir uisce agus in aghaidh shuiteáil na méadar uisce. Ní raibh roinnt díobh inghlactha le haghaidh imscrúdú. B'amhlaidh sin den chuid ba mhó mar go raibh siad gan ainm nó go bhfuarthas iad ó dhaoine nach bhfaca an teagmhas ab ábhar dá ngearán agus nár chuala faoi ach ó dhaoine eile nó trí na meáin.

Imscrúdaíodh na 29 ngearán inghlactha. Ceapadh oifigeach sinsearach imscrúduithe amháin chun gach ceann de na cásanna sin a bhainistiú ionas go ndéanfaí saincheisteanna athfhillteacha nó saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith sistéamach a shainaithint go réidh. Rinne oifigeach de chuid GSOC gach ceann díobh a imscrúdú go díreach nó a mhaoirsiú.

Bhain formhór na ngearán le líomhaintí ionsaithe nó forneart iomarcaigh. Bhain gearáin eile le líomhaintí de chineál araíonachta, amhail faillí i ndualgas nó mí-úsáid údaráis.

Bhain formhór na ngearán le teagmhais i mBaile Átha Cliath Thuaidh le linn d'Uisce Éireann agus dá chuid conraitheoirí méadair uisce a shuiteáil. Ba as Cúige Laighean a rinneadh gach ceann díobh, gan dhá cheann a áireamh (ceann amháin i gCo. Chorcaí agus ceann amháin i gCo. Phort Láirge).

Bhí 'ordú oibriúcháin' i bhfeidhm ag Rannán Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh de chuid an Gharda Síochána chun agóidí den sórt sin a bhainistiú. An doiciméad sin, inar leagadh amach freagairt phleanáilte an Gharda Síochána d'agóidí, scrúdaíodh é mar chuid de na himscrúduithe. Rinneadh tagairt san ordú oibriúcháin do reachtaíocht, do mheasúnuithe riosca, do shábháilteacht, do leas agus do chearta an duine. Tugadh sonraí ann faoi líon agus céim na mball den Gharda Síochána a d'úsáidfí chun na hagóidí a phóilíniú.

Mar chuid den ordú, eisíodh ceamaraí éide chuig gardaí lena gcaitheamh sna hagóidí agus tugadh treoir do ghardaí a insint d'agóideoirí go raibh siad á dtaifeadadh. Fuair GSOC an fhianaise físe a taifeadadh le ceamaraí éide ar na dátaí ab ábhar do ghearáin a rinneadh le GSOC. An fhianaise sin agus fianaise físe ar uaslódáil daoine eile í chuig suíomhanna Gréasáin meán sóisialta, bhí siad ar an bpríomhfhoinse fianaise neamhspleáiche a úsáideadh sna himscrúduithe. Níor léiríodh aon fhianaise shoiléir ar mhí-iompar gardaí i bhformhór na bhfíseán. Go deimhin, léiríodh i roinnt cásanna gur chuí a bhí gníomhartha na ngardaí lenar bhain.

Chuir GSOC comhad imscrúdaithe amháin chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Bhain sé le gearán faoi ionsaí a rinneadh ar bhean. Níor ordaíodh aon ionchúiseamh. Imscrúdú araíonachta ar iompar triúr gardaí i dtaca leis an gcás, bhí sé fós ar siúl ag deireadh na bliana 2015.

Níor chomhoibrigh breis agus trian amháin de ghearánaigh leis na himscrúduithe a bhí á ndéanamh ag GSOC, sin nó tharraing siad a ngearáin siar, rud a chruthaigh deacrachtaí ó thaobh imscrúdú de. Níor leor an fhianaise a bhí ar fáil i gceann ar bith de na himscrúduithe eile chun gníomh coiriúlachta nó gníomh araíonachta a éileamh.

## TORTHAÍ

Dúnadh 2,176 ghearán (ina raibh 5,061 líomhain) sa bhliain 2015. B'ionann sin agus an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2014, cé go raibh líon ní b'ísle líomhaintí i gceist iontu.

Díobh sin, rinneadh 1,267 ngearán ina raibh 3,528 líomhain a ghlacadh agus a imscrúdú. Tá torthaí ar na gearáin sin liostaithe thíos.
Tá torthaí ar na gearáin sin liostaithe thíos.

**Tábla 1:** Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2015

| Toradh/ Cúis | Míniú | Cineál imscrúdaithe lena mbaineann | Líon líomhaintí |
|---|---|---|---|
| Scoireadh de - Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún | Is iad na cásanna is coitianta anseo (in ord minicíochta) ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ar fáil chun ceachtar leagan imeachtaí a chruthú; nach gcomhoibríonn an gearánach leis an imscrúdú; gur éirigh an garda lena mbaineann as nó go ndeachaigh sé ar scor le linn an imscrúdaithe agus go raibh sé ina ábhar do líomhaintí araíonachta amháin. | Gach cineál | 2,146 |
| Níor aithníodh aon sárú ar Rialacháin Araíonachta | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus aimsíodh gur mar ba cheart a ghníomhaigh an garda a ndearnadh gearán faoina iompar. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94[1]) nó ag GSOC (alt 95) | 867 |
| Tarraingíodh an líomhain siar | Chuir an duine a rinne an gearán a chinneadh in iúl nach gcoinneodh sé leis. | Gach cineál | 258 |
| Níor aithníodh aon mhí-iompar tar éis imscrúdú coiriúil | Is é an cás is coitianta anseo ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann a chruthaíonn an líomhain/na líomhaintí a rinneadh. | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 95 |
| Aithníodh sárú ar Rialacháin Araíonachta agus cuireadh smachtbhanna i bhfeidhm | D'fhéadfaí roinnt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh (féach an bosca).<br>Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána faoi na Rialacháin Araíonachta is ea an sárú ar leith agus aon smachtbhanna atá le cur i bhfeidhm a shainaithint. Níl ról ar bith ag GSOC sa phróiseas sin. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94[1]) nó ag GSOC (alt 95) | 116 |
| Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí | Má tá fianaise ann go ndearnadh cion tar éis imscrúdú coiriúil, cuirfear comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh an cinneadh ar ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. Má bhí bás ann, is é cleachtas an Choimisiúin comhad a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ach amháin má tá cúis shoiléir ann le gan déanamh amhlaidh, chun trédhearcacht iomlán agus muinín iomlán an phobail a chinntiú. (Féach tuilleadh sonraí i Rannán 2.) | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 19 |
| Thángthas ar réiteach neamhfhoirmiúil | Thángthas ar réiteach ar an ábhar chun sástacht an dá pháirtí. | Réiteach neamhfhoirmiúil (alt 90) | 12 |
| Níl feidhm ag Rialacháin an Gharda Síochána a thuilleadh | Chuaigh an garda is ábhar d'imscrúdú araíonachta ar scor nó d'éirigh sé as roimh an imscrúdú nó lena linn. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94[1]) nó ag GSOC (alt 95) | 15 |

1 Imscrúduithe faoi mhaoirseacht nó imscrúduithe gan mhaoirseacht.

### Na torthaí ar chásanna Réitigh Neamhfhoirmiúil

Ba mar réitithe go neamhfhoirmiúil a taifeadadh 6% de na líomhaintí a osclaíodh faoi Réiteach Neamhfhoirmiúil sa bhliain 2015.

Níor thoiligh páirtí amháin nó an dá pháirtí le páirt a ghlacadh ann maidir le leath na gcásanna ar a laghad a measadh a bheith oiriúnach do Réiteach Neamhfhoirmiúil.

Ba é scor an toradh ar fhormhór na líomhaintí réitigh neamhfhoirmiúil (60% sa bhliain 2015) tar éis fiosrúchán leis an dá pháirtí. Déantar an cinneadh sin de ghnáth mar nach bhfuil aon chomhthacaíocht neamhspleách ar fáil chun tuilleadh imscrúdaithe a éileamh.

Sa 34% eile de líomhaintí, géaraíodh an cás chuig imscrúdú foirmiúil araíonachta. (Má thoiligh na páirtithe le páirt a ghlacadh i Réiteach Neamhfhoirmiúil roimhe sin, is faisnéis faoi rún í faisnéis ar bith a gnóthaíodh le linn an phróisis sin agus ní thugtar ar aghaidh í chuig imscrúdú ar bith ina dhiaidh sin.)

| Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm sa bhliain 2015 tar éis imscrúduithe araíonachta | |
|---|---|
| Tugadh comhairle | 51 |
| Rinneadh laghdú i bpá | 28 |
| Tugadh foláireamh | 14 |
| Tugadh rabhadh | 9 |
| Tugadh fíneáil | 8 |
| Tugadh iomardú | 6 |

Mar aon leis na torthaí thuas, ar thorthaí iad a bhain le hiompar gardaí aonair, tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D'fhonn líon na ngearán den chineál céanna a laghdú, nó deireadh a chur leo, amach anseo, rinneadh 36 cinn de thuairimí, nó moltaí, i dtaca le beartais, le cleachtais, etc. a chomhroinnt le Coimisinéir an Gharda Síochána sa bhliain 2015 – tá siad liostaithe ina n-iomláine i Rannán 6.

# RANNÁN 2: IMSCRÚDUITHE NEAMHSPLEÁCHA A THÁINIG AS TARCHUR AG AN nGARDA SÍOCHÁNA


Foráiltear an méid seo le halt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005: *"Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a tharmligeann an chumhacht sin do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu a chinneadh an cuí é teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

Fuair GSOC 52 tharchur le linn na bliana 2015, ar bhain 15 cinn díobh le básanna.

Ba iad teagmhais tráchta ar bhóithre na cúinsí ba choitianta taobh thiar de tharchuir chuig GSOC sa bhliain 2015.

**Cairt 6:** Cúinsí taobh thiar de na tarchuir




## TARCHUIR A IMSCRÚDÚ

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ábhar. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé ó am go chéile nach bhfuil aon imscrúdú breise ag teastáil. Ag an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.


Dhún GSOC 58 n-imscrúdú sa bhliain 2015, cinn ar cuireadh tús leo (sa bhliain 2015 nó i mblianta roimhe) mar thoradh ar tharchuir ón nGarda Síochána.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine a Chosaint. Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Cuimsíonn an ceart sin oibleagáid dhearfach agus oibleagáid dhiúltach ar an stát, mar atá oibleagáid dhiúltach gan deireadh a chur leis an mbeatha agus oibleagáid dhearfach chun an bheatha a chosaint.


In imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, ba cheart cloí le prionsabail arna mbunú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine chun Airteagal 2 a chomhlíonadh.

Ní hé Ombudsman an Gharda Síochána ina aonar a chinntíonn go seastar le gach ceann de na prionsabail sin. Mar sin féin, imríonn sé a ról féin i ndéanamh amhlaidh i gcomhar le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, leis an gCúirt Chróinéara agus le comhlachtaí eile Stáit. Is ar an gcúis sin atá sé mar chleachtas ag an gCoimisiún i bhformhór mór na gcásanna lena mbaineann básanna comhad a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí d'fhonn trédhearcacht agus muinín an phobail a chinntiú.

**Léarscáil 3:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a bheith ar áireamh)




**Léarscáil 4:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána — Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath



## TORTHAÍ

**Tábla 2:** Cineálacha imscrúdaithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe ar cuireadh tús leo tar éis tarchur agus a dúnadh sa bhliain 2015)

| Cineál imscrúdaithe agus toradh | Cásanna |
|---|---|
| Dúnadh an cás tar éis don scrúdú tosaigh a thaispeáint nach raibh tuilleadh imscrúdaithe ag teastáil. | 27 |
| Rinneadh imscrúdú araíonachta agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh aon fhianaise ar mhí-iompar a raibh garda ina chúis leis<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 1 |
| Rinneadh imscrúdú araíonachta agus cuireadh i gcrích é<br>– chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 2 |
| Rinneadh imscrúdú araíonachta agus cuireadh i gcrích é<br>– níor chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 2 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina chúis leis<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 11 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– tarchuireadh chuig an SIP é – stiúradh ionchúiseamh. | 3 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é<br>– tarchuireadh chuig an SIP é – níor stiúradh ionchúiseamh. | 6 |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobháilte agus mar nach raibh aon saincheisteanna imní eile ann. | 6 |
| **IOMLÁN** | **58** |

Tá speisialtóirí ainmnithe atá oilte i scileanna sonracha ag GSOC. Tá idirchaidreamh le teaghlaigh ar cheann amháin díobh sin. Tá 17 nduine againn anois ar Oifigigh Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLO) nó Comhordaitheoirí Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLC) iad.

Sanntar FLO nó FLC d'oibriú mar chuid d'fhoireann imscrúdaithe nuair atáimid ag déileáil le cás lena mbaineann bás. Déanann siad idirchaidreamh le baill de theaghlach an duine nach maireann ar fud an imscrúdaithe atá á dhéanamh ag GSOC chun a chinntiú go gcoinnítear ar an eolas iad agus go gcaitear go tuisceanach leo. Tá siad ina dteagmhálaí aonair don teaghlach agus is iadsan na daoine a mhíníonn cad a tharlóidh le linn an imscrúdaithe agus ina dhiaidh, a ghlacann aon ráitis ó bhaill den teaghlach, a choinníonn an teaghlach ar an eolas faoin dul chun cinn agus a dhéanann idirchaidreamh le hoifig an chróinéara agus le gníomhaireachtaí eile, etc.

Rinne GSOC óstáil ar lá um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach in Idirchaidreamh le Teaghlaigh ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2015. Ba é téama an lae ná imscrúduithe a scrúdú ó thaobh teaghlaigh de. D'fhreastail ionadaithe d'Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann (PONI), do Choimisiún Neamhspleách Shasana agus na Breataine Bige um Ghearáin Phóilíneachta (IPCC) agus do Choimisinéir Imscrúduithe agus Athbhreithnithe Póilíneachta na hAlban (PIRC) agus do GSOC air. Chuir na FLOnna ó na hoifigí difriúla a n-ionchur féin ar fáil, rud a chomhroinn torthaí a foghlaimíodh ó chásanna ar déileáladh leo. D'éascaigh comhairleach neamhspleách oiliúna plé luachmhar trí sheisiúin cheardlainne agus chuir sé oiliúint i loirg dhigiteacha ar fáil chun críocha imscrúdú, rud atá ina ghné atá tábhachtach agus ag éabhlóidiú de ról an FLO.

## Cás-Staidéar

Tharchuir an Garda Síochána teagmhas tráchta ar bhóithre a tharla i mBaile Átha Cliath chuig GSOC. Shainaithin gardaí carr a measadh a bheith bainteach le gníomhaíochtaí coiriúla sa cheantar agus chuir siad soilse goirme agus bonnáin air chun an fheithicil a raibh amhras faoi a stopadh. D'imigh an carr sin ar luas, áfach, agus bhuail sé carr eile láithreach. Rinneadh ildíobhálacha do chosa thiománaí an chairr sin.

Chuaigh oifigigh de chuid GSOC chun na láithreach agus fuair siad fianaise TCI ó ghnóthas in aice láimhe. Léiríodh sa phíosa scannáin TCI go raibh achar sábháilte ann idir carr na ngardaí agus an carr a raibh amhras air a bhíothas ag leanúint. Níorbh ann d'aon fhianaise lena dtabharfaí le tuiscint go raibh teagmháil ar bith ann idir carr na ngardaí agus carr an tsibhialtaigh. Chomhthacaigh scrúdú fóiréinseach ar láthair an bhuailte leis sin. Fuarthas tuairiscí agus ráitis ó na gardaí lenar bhain agus bhuail oifigigh de chuid GSOC leis an duine díobháilte.

Chinn GSOC nach raibh aon ghá ann leis an ábhar a imscrúdú tuilleadh mar nár aimsíodh fianaise ar bith sa scrúdú tosaigh lena dtabharfaí le tuiscint go ndearna na gardaí éagóir. Chuireamar in iúl d'údaráis an Gharda Síochána, áfach, gur luaigh an duine díobháilte go raibh sé míshásta leis an dóigh ar chaith gardaí leis tráth an teagmhais agus leis an leibhéal teagmhála a rinne gardaí leis ina dhiaidh sin. Bunaithe ar thuairimí an pháirtí dhíobháilte, mhol GSOC don Gharda Síochána go ndéanfadh sé breithniú ar chaighdeán náisiúnta a shocrú maidir le faisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta.

## Cás-Staidéar

Fuair GSOC tarchur ón nGarda Síochána mar go bhfuair duine fás agus é faoi choimeád an Gharda Síochána. Rinneadh imscrúdú neamhspleách chun cúinsí a bháis a fháil amach, agus aird á tabhairt ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Fuarthas na fíricí seo a leanas amach san imscrúdú: Glaodh ar ghardaí ag thart ar 1am teacht chun tí ar tuairiscíodh go raibh fear ag tógáil clampair ann. Gabhadh an fear faoi alt 12 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 agus cuireadh i gcúl veain de chuid an Gharda Síochána é le linn do na gardaí sonraí faoin teagmhas a shoiléiriú. Aimsíodh cúpla nóiméad ina dhiaidh sin go raibh an fear gan aithne. Iarradh cóir leighis agus d'fhreagair an fear do chóireáil ag an láthair. Tugadh chun an ospidéil é ach tháinig meath ar a riocht agus fuair sé bás.

Áiríodh leis an imscrúdú agallamh a chur ar gach ball den Gharda Síochána lenar bhain an ghabháil agus ar na finnéithe a bhí i láthair. Fuarthas amach go raibh údar iomlán ann leis an ngabháil sna cúinsí agus gur iarradh cóir leighis chuí gan mhoill. Fuarthas fianaise leighis inar thángthas ar an gconclúid gurbh é a bhí sa chúis leis an mbás ná stad cairdiach a tháinig as Siondróm Rámhaille Fhlosctha tar éis na gabhála.

Ós rud é go raibh bás bainteach leis an gcás, cuireadh comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun leas an phobail. Níor ordaíodh aon ionchúiseamh. Níor aithníodh aon sáruithe féideartha ar na Rialacháin Araíonachta.

### Cás-Staidéar

Fuarthas tarchur ón nGarda Síochána mar gur baineadh díobháil throm do dhuine agus é faoi choimeád gardaí. Rinneadh imscrúdú neamhspleách chun na cúinsí a fháil amach.

Fuarthas amach san imscrúdú gur ghlaoigh gaolta le fear a dúradh a bheith trína chéile agus ionsaitheach ar ghardaí teacht chun a dtí. Insíodh do ghardaí go ndearna an duine iarracht lámh a chur ina bhás féin tamall beag roimhe sin.

Bhí an fear an-ionsaitheach nuair a tháinig gardaí ina threo. Cinneadh mar sin é a ghabháil as briseadh síochána. Rinneadh corpchuardach "tapa" agus cuireadh i gcúl na veain de chuid an Gharda Síochána é. Bhí an chuma air go raibh sé ar a shuaimhneas. Níor cuireadh glais lámh air. Ar stáisiún na nGardaí a bhaint amach, d'aimsigh na gardaí go raibh caol a láimhe gearrtha le scian aige. Iarradh cabhair leighis agus chuir garda ar pharaimhíochaineoir oilte é cóireáil ar an bhfear agus iad ag fanacht le hotharcharr. Tugadh an fear chun an ospidéil agus cuireadh cóir leighis air in aghaidh a dhíobhálacha.

Rinneadh scrúdú teicniúil ar an veain de chuid an Gharda Síochána, rud a caomhnaíodh ón teagmhas i leith. Fuarthas píosa scannáin TCI ó stáisiún na nGardaí agus amharcadh air. Iarradh tuairiscí ó na gardaí lenar bhain agus fuarthas iad.

Measadh go raibh tionchar ag an gcinneadh gan glais lámh a chur air ar shláinte agus sábháilteacht an fhir lenar bhain agus measadh go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ag an gcinneadh sin ar shláinte agus sábháilteacht na ngardaí freisin. De réir bheartas an Gharda Síochána, is faoin ngarda lena mbaineann atá sé a chinneadh cé acu a chuirfear glais lámh ar dhuine nó nach gcuirfear. Thug na gardaí cúiseanna nár chuir siad glais lámh ar an bhfear. Mar sin féin, sna cúinsí a cuireadh i láthair sa chás seo, ina raibh sé ag caitheamh go hionsaitheach lena thuismitheoirí agus leis na gardaí, inar leagadh béim ar fhadhbanna meabhairshláinte agus nárbh fhéidir ach cuardach "tapa" a dhéanamh ann, tá sé ina chúis imní nár chuir na gardaí glais lámh air chun rioscaí sláinte agus sábháilteachta a mhaolú.

Moladh go bhfaighfí na gardaí lenar bhain comhairle neamhfhoirmiúil faoin gcinneadh sin agus faoi bheartais an Gharda Síochána maidir le cuardach a dhéanamh. Tarchuireadh é sin chuig an nGarda Síochána mar mholadh ginearálta.

### Cás-Staidéar

Fuarthas tarchur ón nGarda Síochána mar go bhfuair duine bás tar éis teagmháil leis na gardaí. Rinneadh imscrúdú neamhspleách chun cúinsí a bháis a fháil amach, agus aird á tabhairt ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Fuarthas amach san imscrúdú gur tharla an teagmhas tar éis do ghardaí a sheiceáil go raibh carranna faoi cháin agus árachas. Bhí árachas tiománaí amháin as dáta agus chinn gardaí an carr a ghabháil de réir alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre.

Tar éis dóibh a chur in iúl don fhear go raibh siad ag gabháil a chairr agus iarraidh air teacht amach as, shiúil an tiománaí chuig droichead in aice láimhe agus léim sé de isteach in abhainn. Fuarthas amach go ndearna na gardaí iarracht é a tharrtháil ach baoi tarrthála a úsáid agus gur chuir siad fios ar na seirbhísí éigeandála agus ar an ngarda cósta chun cabhrú leis an gcuardach le haghaidh a chorp a aimsiú. Aisghabhadh corp an fhir tamall gairid ina dhiaidh sin.

Le linn an imscrúdaithe, glacadh ráitis ó na gardaí lenar bhain agus ó fhinnéithe ar an teagmhas agus ó dhaoine eile a d'fhreagair d'achainí ar fhinnéithe. Iarradh taifid leighis freisin. D'aimsigh GSOC go raibh cúlra meabhairghalair ag an bhfear agus gur luaigh finnéithe go raibh sé cantalach agus suaite sna laethanta sula bhfuair sé bás. Dá ainneoin sin, ba é tátal GSOC nárbh fhéidir leis na gardaí a thuar go raibh sé ar intinn aige lámh a chur ina bhás féin.

Ós rud é go raibh bás bainteach leis an gcás, cuireadh comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun leas an phobail. Níor ordaíodh aon ionchúiseamh.

Thug an cróinéir breith féinmharaithe.

Níor aithníodh aon sáruithe féideartha ar na Rialacháin Araíonachta.

# RANNÁN 3: IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Foráiltear an méid seo le halt 102(4) d'Acht an Gharda Síochána 2005: *"féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh–*

*(a) go ndearna ball den Gharda Síochána cion, nó*
*(b) gur iompair ball den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Luaitear in alt 102(5) freisin: *"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar ar chosúil don Aire a thabhairt le tuiscint go ndearna ball den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ábhar" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Le linn na bliana 2015, leasaíodh an t-alt sin den Acht chun ligean don Údarás Póilíneachta nua iarraidh ar GSOC ábhair a imscrúdú chun leas an phobail, le héifeacht ón 1 Eanáir 2016.

## CÁSANNA A OSCLAÍODH SA BHLIAIN 2015

Rinneadh 12 imscrúdú chun leas an phobail a oscailt sa bhliain 2015.

Osclaíodh dhá cheann díobh le cinneadh ón gCoimisiún Ombudsman. Bhain an dá cheann díobh le teagmhais oird phoiblí a raibh an pobal agus na meáin imníoch fúthu. Dúnadh ceann amháin sa bhliain agus bhí an ceann eile fós ar siúl ag an 31 Nollaig 2015.

- I mí an Mhárta, gabhadh duine gan dídean i Sráid Anraí, Baile Átha Cliath. Thaifead ball den phobal an teagmhas agus scaipeadh é trí na meáin shóisialta. Scaipeadh an físeán go mall agus b'iomaí duine a d'amharc air. Chruthaigh sé imní i measc ball den phobal, ar chreid roinnt díobh gur úsáid na gardaí lenar bhain forneart iomarcach. Osclaíodh imscrúdú chun leas an phobail le haghaidh fíricí an teagmhais a fháil amach. Fuarthas amach san imscrúdú nár leor an fhianaise de chineál coiriúil nó araíonachta a bhí ann. Ba é tátal GSOC ná gurbh amhlaidh sna cúinsí go raibh cúis ann le forneart ar bith a d'úsáid an garda lenar bhain agus go raibh sé dleathach agus cuí. Tá tuarascáil ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.[6]
- I mí na Samhna, osclaíodh imscrúdú ar imeachtaí a chonacthas i bhfíseán sna meáin shóisialta. Ba chosúil gur léiríodh ann gur úsáideadh forneart agus agóid ag ceant maoine i nGuaire, Co. Loch Garman, á póilíniú. Táthar á imscrúdú fós.

Rinneadh deich n-imscrúdú sa bhreis a oscailt ar iarraidh ón Aire sa bhliain 2015.

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mí na Bealtaine 2014. Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bhí sí ar cheann amháin de na gníomhartha a chomhaontaigh an Rialtas mar fhreagairt do Thuarascáil Guerin[7].

Bunaíodh painéal a chuimsigh beirt Abhcóidí Sinsearacha agus cúigear Abhcóidí Sóisearacha. Rinneadh na gearáin ach litreacha a sheoladh. Ba iad na daoine aonair go díreach a sheol roinnt díobh agus cuireadh gearáin eile isteach trí idirghabhálaithe, amhail TDanna nó eagraíochtaí ionadaíocha. Tháinig siad as raon leathan cásanna.

Bhí scrúdú ar na páipéir i gceist leis an athbhreithniú. Ní raibh agallaimh, teagmháil le gearánaigh ná aon chineál eile imscrúdaithe i gceist leis, cé go raibh na habhcóidí in ann a mholadh don Aire go lorgófaí tuilleadh faisnéise chun cabhrú le teacht ar mholadh cuí in aon chás ar leith. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná na líomhaintí a iniúchadh chun a dhéanamh amach an raibh tuilleadh imscrúduithe ag teastáil nó nach raibh.

Mar thoradh ar na hathbhreithnithe a rinne painéal na Meicníochta Athbhreithnithe Neamhspleách, d'iarr an tAire ar GSOC imscrúdú a dhéanamh i dtaca le cásanna áirithe. Cásanna den sórt sin iad na deich n-imscrúdú sin. Osclaíodh gach ceann díobh i dtreo dheireadh na bliana agus bhí siad fós ar siúl ag an 31 Nollaig 2015.

6 http://gardaombudsman.ie/docs/publications/Report_PII_HenrySt_201503.pdf
7 http://www.merrionstreet.ie/en/wp-content/uploads/2014/05/Final-Redacted-Guerin-Report1.pdf

## CÁSANNA A BHÍ AR SIÚL SA BHLIAIN 2015

Bhí ocht n-imscrúdú chun leas an phobail ar bun againn cheana féin i dtús na bliana 2015:

- Imscrúdú ar a leordhóthanaí a bhí imscrúdú de chuid an Gharda Síochána agus ullmhú thuarascáil an Gharda Síochána chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) tar éis teagmhas tráchta ar bhóithre lenar bhain bás sa bhliain 2005. Fuair bean bás tar éis di a bheith buailte ag carr patróil de chuid an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath. Ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh ar an imscrúdú sin mar gheall ar imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhí ar siúl le roinnt mhaith blianta. I mí Iúil, chuir an Chúirt Uachtarach breith roimhe ón Ard-Chúirt ar ceal ar phonc dlí. Leis an mbreith ón gCúirt Uachtarach, cuirtear ar chumas GSOC leanúint dá imscrúdú ar an ábhar seo.
- Dhá imscrúdú tar éis do GSOC faisnéis a fháil go díreach tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le gníomhaíochtaí éillitheacha líomhnaithe ag baill den Gharda Síochána. Bhí na hábhair sin ag druidim lena gcur i gcrích ag deireadh na bliana 2015.
- Dhá imscrúdú ar líomhaintí a rinneadh faoi chealú éagórach Fógraí Pionóis Mhuirir Sheasta ag baill den Gharda Síochána le linn dhá thréimhse ar leith, ar thréimhsí iad ab ábhar do líomhaintí a rinne sceithire ba gharda.
  - o D'iarr Alan Shatter, an t-iarAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar GSOC an t-imscrúdú tosaigh a oscailt i mí Eanáir 2014. Ba é shainchúram an imscrúdaithe ná scrúdú a dhéanamh ar líomhaintí a rinneadh i dtaca leis an tréimhse ón mbliain 2009 go dtí an bhliain 2012.
  - o I mí na Bealtaine 2014, sholáthair GSOC cás gnó don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Chuimsigh sé meastachán ar na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun tabhairt faoin obair sin agus, i mí Mheán Fómhair 2014, dheimhnigh an tAire go leithdháilfí ar GSOC an tsuim €1 mhilliún a iarradh.
  - o I mí Mheán Fómhair 2014, d'iarr an tAire Fitzgerald, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar GSOC tréimhse eile a imscrúdú, tréimhse ab ábhar do thuilleadh líomhaintí (i.e. Meitheamh – Meán Fómhair 2014 – an tréimhse a raibh feidhm ag na beartais agus na nósanna imeachta nua a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána chun feidhme lena linn).
  - o I mí Dheireadh Fómhair 2014, fuarthas cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imscrúdaitheoirí sealadacha a fhostú le haghaidh an imscrúdaithe tosaigh agus cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP).
  - o Faoi mhí Feabhra 2015, cuireadh an chéad chéim (anailíseach) den imscrúdú tosaigh i gcrích. Áiríodh léi sin méid suntasach oibre anailísí ar thacar sonraí iomlán de 1.6 milliún fógra a eisíodh; agallaimh; agus athbhreithniú ar ábhair ó imscrúduithe gaolmhara roimhe sin. Chuir sí plean oibre ar fáil le haghaidh na chéad chéime eile den imscrúdú.
  - o I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh an Oifig um Sholáthar Rialtais tairiscint le haghaidh tacaíocht imscrúdaitheach ar an suíomh Gréasáin eTenders. Bhí an tacaíocht ag teastáil le haghaidh na céime sin. Níor chomhlíon ceann ar bith de na freagraí na critéir cháilíochta. Cuireadh tús leis an bpróiseas um thairiscint eile a thionscnamh, rud a bheadh ar siúl ar fud an AE. Níor eisíodh an dara tairiscint sin fós amhail an 31 Nollaig 2015. Cuirfear tús leis an gcéad chéim eile den imscrúdú a luaithe is atá an tacaíocht imscrúdaitheach a theastaíonn i bhfeidhm.
- Imscrúdú ar iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais é i dtaca le líomhaintí a rinne duine aonair go ndearnadh faillí i ndualgas. Bhí gearán déanta ag an duine go díreach chuig GSOC cheana féin agus, dá bhrí sin, bhí na líomhaintí á n-imscrúdú ag an am. De bharr gur athchatagóiríodh an gearán ina imscrúdú chun leas an phobail, áfach, méadaíodh raon feidhme an imscrúdaithe ní b'fhaide ná na líomhaintí sonracha ar leith, de réir mar ba chuí. Rinneadh an-dul chun cinn ar an imscrúdú le linn na bliana 2015, cé go raibh roinnt céimeanna tábhachtacha ann le comhlíonadh ag deireadh na bliana.
- Imscrúdú chun a chinneadh an ndearna aon fhinnéithe de chuid an Gharda Síochána cion agus/nó sárú araíonachta agus fianaise á tabhairt acu le linn cás cúirte sa bhliain 2013. Cuireadh an t-imscrúdú sin i gcrích le linn na bliana 2015 agus cuireadh comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Níor tionscnaíodh aon ionchúiseamh. Tá tuarascáil ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.[8]
- I rannán ar leith de Thuarascáil an Choimisiúin Imscrúdaithe ar Dheoise Chaitliceach Chluana (a foilsíodh i mí Iúil 2011), tugadh breac-chuntas ar fhianaise a tugadh don Fhiosrúchán lenar tugadh le fios nár ghníomhaigh an Garda Síochána de réir faisnéise a bhí aige i dtaca le gearáin mhí-úsáide gnéasaí i nDeoise Chaitliceach Chluana. D'oscail Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú chun leas an

8 http://gardaombudsman.ie/docs/publications/Report_PII_ProvisionEvidence.pdf

phobail i mí an Mhárta 2012 chun a dhéanamh amach cé acu a bhí nó nach raibh na hábhair sin ina gcion arna déanamh ag baill den Gharda Síochána agus cé acu a thug nó nár thug siad údar le himeachtaí araíonachta. Léiríodh san imscrúdú gurbh ann do roinnt míniúcháin fhéideartha ar cén fáth nach ndearna an Garda Síochána imscrúduithe foirmiúla ar líomhaintí tromchúiseacha mí-úsáide gnéasaí. Cé go dtugtar le fios san fhianaise gurbh ann do roinnt mainneachtainí ag an nGarda Síochána, tá an chuma air nach ndearnadh aon chionta agus níor moladh aon imeachtaí araíonachta. Tá tuarascáil ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.[9]

## NOCHTADH COSANTA

Ba í an bhliain 2015 an chéad bhliain iomlán ina bhfuair GSOC nochtadh ó fhostaithe de chuid an Gharda Síochána faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Fuarthas ceithre nochtadh sa bhliain, ar measadh trí cinn díobh a bheith faoi raon an Achta. Glacadh na trí chás sin le haghaidh imscrúdú. Bhí dhá chás ar siúl cheana féin i dtús na bliana 2015. Dúnadh ceann amháin díobh le linn na bliana. Bhí ceithre chás fós ar siúl ag deireadh na bliana.

### Cás-Staidéar

I mí an Mhárta 2015, gabhadh duine gan dídean i Sráid Anraí, Baile Átha Cliath. Thaifead ball den phobal an teagmhas agus scaipeadh é trí na meáin shóisialta. Fuair GSOC 17 gceist ó bhaill den phobal a d'amharc ar an ngearrthóg físe sna meáin shóisialta agus a bhí imníoch faoin bhféidearthacht go ndearnadh ionsaí agus gur úsáideadh forneart iomarcach. Bhí clúdach suntasach sna meáin chumarsáide ann freisin inar cuireadh imní faoin teagmhas in iúl. Osclaíodh imscrúdú chun leas an phobail d'fhonn muinín an phobail a thabhairt ar ais ach fíricí an teagmhais a dhéanamh amach.

Rinneadh na fíricí seo a leanas amach leis an imscrúdú: chaith fear gan dídean a bhí 34 bliana d'aois an mhaidin ar fad i gcóngar Shráid Anraí, Baile Átha Cliath 1. Thug sé roinnt cuairteanna ar Tesco i Sráid Parnell, áit ar cheannaigh sé cúig bhuidéal fíona ar a laghad. D'ól sé an fíon i lána gar do Shráid Parnell. Go mall sa tráthnóna, chuaigh garda ó Stáisiún Gardaí Shráid an Stórais a bhí ar phatról coise faoi éide i dtreo an fhir agus thug sé ordú dó faoi alt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) bogadh ar aghaidh mar go raibh sé ar meisce agus cromtha in aghaidh comhlaí siopa. I bpíosa scannáin TCI, chonacthas an fear agus é in aice an bhealaigh isteach chuig siopa folamh i Sráid Anraí roinnt nóiméad ina dhiaidh sin. Bhí sé ag siúl go tuisleach agus ar meisce de réir dealraimh. Chuaigh an garda céanna i dtreo an fhir agus mheabhraigh sé dó gur tugadh ordú dó imeacht. Luaigh an garda ina chuntas gur thosaigh an fear ag labhairt go maslach leis. I bpíosa scannáin TCI, léiríodh an garda agus é ina sheasamh in aice an fhir ar feadh roinnt nóiméad. Ní dhearna an fear aon iarracht seasamh suas ná imeacht. Ní dhearna sé rud ar bith ach a ghéaga a chroitheadh. Ghabh an garda an fear as a bheith ar meisce, contrártha d'alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994. Nuair a fuair an garda a ghlais lámh, chuir an fear a lámh in airde trasna a chliabhraigh. An garda, a dúirt go raibh eagla air de bharr na gluaiseachta sin go ndéanfaí ionsaí air, thóg sé a sprae éagumasaithe amach as a churra agus thug sé rabhadh don fhear. Fuair an fear greim ar an gceanastar sprae nóiméad ina dhiaidh sin, áfach, agus tharraing sé é ina threo ar an talamh. Spraeáil an garda é i dtreo an fhir, rud nach raibh ach tionchar beag aige, dar leis, agus rinneadh iarrachtaí an garda a chiceáil agus buillí doirn a thabhairt dó. Spraeáil sé an fear uair amháin eile agus d'iarr sé cabhair ach a raidió a úsáid.

Chuir an garda an cuntas thuas ar fáil agus tugadh tacaíocht dó le píosa scannáin TCI a fuarthas ón aonad folamh. Níor chuimhin leis an bhfear é féin cad a tharla mar go raibh sé ar meisce. Chuir baill foirne de GSOC agallamh air i gcuideachta tathantóirí ó charthanais do dhaoine gan dídean agus ateangaire mar go raibh sé ar bheagán Béarla. Ní dhearna sé gearán ar bith in aghaidh aon ghardaí.

Anuas ar agallamh a chur ar an ngarda agus ar an bhfear lenar bhain, áiríodh leis na bearta eile a rinneadh le linn an imscrúdaithe scrúdú a dhéanamh ar an gceanastar sprae éagumasaithe, ar an suaitheantas sábháilteachta a ndearnadh damáiste dó agus ar thaifead coimeádta an fhir. Thug GSOC cuairt ar áitribh ghnó i Sráid Anraí agus aimsíodh finnéithe, daoine a chuir cuntais ar fáil.

Bhí an chuma air sa ghearrthóg físe a uaslódáladh chuig na meáin shóisialta gur úsáideadh an sprae éagumasaithe ar an bhfear tar éis glais lámh a chur air. Fuarthas an fón póca a úsáideadh chun an teagmhas a thaifeadadh. Chuir GSOC é chuig cuideachta arb í anailís físe fóiréinsí an speisialtóireacht atá aici d'fhonn an físeán a bhreisiú. Níor thug an físeán breisithe aon fhianaise chonclúideach maidir leis an sonra sin. Ní fhacthas in ábhar eile TCI gur úsáid an garda an sprae tar éis glais lámh a chur ar an bhfear.

Níor leor an fhianaise ar iompar de chineál coiriúil nó araíonachta ag an ngarda lenar bhain a aimsíodh san imscrúdú seo. Ba chosúil gurbh amhlaidh sna cúinsí go raibh cúis ann le forneart ar bith a d'úsáid an garda sa teagmhas seo agus go raibh sé dleathach agus cuí.

9 http://gardaombudsman.ie/docs/publications/2015_PII_Cloyne_Commission.pdf

# RANNÁN 4: SCRÚDUITHE AR CHLEACHTAS, AR BHEARTAS AGUS AR NÓS IMEACHTA

Foráiltear an méid seo le halt 106(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005: *"chun gearáin a chosc faoi chleachtas, faoi bheartas agus faoi nós imeachta an Gharda Síochána, nó chun líon na ngearán den sórt sin a laghdú, féadfaidh an tAire iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar an gcleachtas, ar an mbeartas nó ar an nós imeachta; tuarascáil a thabhairt don Aire...; agus moltaí ón gCoimisiún chun é sin a bhaint amach a áireamh sa tuarascáil" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Leasaíodh an t-alt sin den Acht linn na bliana 2015 chun neamhspleáchas a thabhairt don Choimisiún Ombudsman scrúduithe den sórt sin a thionscnamh gan ceangal a bheith air cead a fháil ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Ba sa bhliain 2015[10] a cuireadh an dara scrúdú a rinne GSOC faoin alt sin den Acht i gcrích.

Tar éis imeachtaí sa bhliain 2011, d'iarr an tAire ar GSOC scrúdú a dhéanamh ar an gcleachtas, ar an mbeartas agus ar an nós imeachta atá in úsáid ag an nGarda Síochána agus é ag déileáil le daoine a n-athchuireann an chúirt faoi choimeád iad: Scaoileadh an tUas. Celyn Eadon ó choimeád agus d'fhág sé Cúirt Dúiche Chaisleán an Bharraigh le Noreen Kelly-Eadon, a mháthair. Ag deireadh na héisteachta cúirte, d'eisigh an chúirt barántas cimithe lena n-athchuirfí an tUas. Eadon faoi choimeád agus tugadh an barántas don Gharda Síochána. Níor forghníomhaíodh an barántas sin. Thart ar thrí seachtaine ina dhiaidh sin, cúisíodh an tUas. Eadon i marú neamhdhleathach a mháthar agus, i mí Feabhra 2014, ciontaíodh i ndúnmharú é.

Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil:

1. Ba cheart don Gharda Síochána agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann socruithe a bhaineann le tionlacan príosúnach ar athchur ag baill den Gharda Síochána a chur ar bhonn foirmeálta faoi Phrótacal agus/nó Nós Imeachta Caighdeánach Oibriúcháin atá comhaontaithe ag leibhéal náisiúnta. Sholáthródh sé sin soiléire maidir le róil agus freagrachtaí, le nósanna imeachta éifeachtacha comhsheasmhacha agus le cuntasacht.
2. Ba cheart treoir agus oiliúint shonrach a thabhairt do bhaill den Gharda Síochána a chomhlíonann dualgais tionlacain nó dualgais ionchúisitheora, go háirithe i dtaca le reachtaíocht agus le himeachtaí cúirte.
3. Tacaíonn Ombudsman an Gharda Síochána leis an moladh ó Chigireacht an Gharda Síochána go mbunófaí Aonaid Cheartais Choiriúil (CJUnna) mar aonaid iarchúisithe a bheadh freagrach as comhaid a bhainistiú agus iad a sheoladh chuig ionchúisitheoirí agus ó ionchúisitheoirí. Bheadh eolas cruinn ar chomhaid chúirte de thoradh air sin.
4. Ba cheart don Gharda Síochána oibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le barántais, agus barántais athchuir choimeádta go háirithe. Ba cheart don Gharda Síochána féachaint le meicníocht a fhorbairt trína bhfaigheadh a chuid ball treoir phras dhoshéanta ón tSeirbhís Chúirteanna maidir le cén uair a eiseofar barántas cimithe.
5. Ba cheart don Gharda Síochána oibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna chun a chinntiú go n-iontráiltear gach barántas agus sonraí faoi chinntí agus coinníollacha bannaí sa chóras PULSE gan mhoill. D'fhéadfadh cinnteoireacht níos eolaí agus iniúchadh níos eolaí barántas teacht as na sonraí sin.
6. Ba cheart don Gharda Síochána oibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun córas a bhunú trína gcuirfí barántais athchuir choimeádta ar aghaidh go leictreonach ar an lá eisiúna chuig an bpríosún nó chuig an ionad coinneála atá ainmnithe. Chruthófaí meicníocht dá bharr sin trína leagfaí béim ar mhainneachtain barántas athchuir chimithe a fhorghníomhú nó príosúnach a thabhairt ar ais.
7. Léiríonn an teagmhas sin leochaileacht atá ann i mbarántais a bhainistiú. D'fhéadfaí an riosca sin a mhaolú dá ndréachtófaí Nós Imeachta Caighdeánach Oibriúcháin le haghaidh barántais a bhainistiú, lena n-áirítear aonaid bharántais a bhunú a mbeadh freagracht orthu as barántais a rianú agus treoir agus maoirseacht a chur ar fáil.

Is é tuairim Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána nach féidir breithniú a dhéanamh ar ról agus ar fhreagrachtaí an Gharda Síochána sna hábhair um thionlacan príosúnach, éisteachtaí athchuir agus barántais chimithe ina n-aonair agus nach féidir dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh ar na moltaí sin chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí atá ann cheana ach trí ghrúpa ilghníomhaireachta a bhunú.

10 http://gardaombudsman.ie/docs/publications/S106_remand_pub.pdf

# RANNÁN 5: ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT A FHEABHSÚ

Leagtar an méid seo a leanas amach in alt 67 d'Acht an Gharda Síochána 2005: *"is iad cuspóirí an Choimisiúin Ombudsman–*

*(a) a chinntiú go gcomhlíontar a chuid feidhmeanna ar bhealach éifeachtúil éifeachtach ina gcaitear go cothrom le gach duine atá bainteach le gearáin agus le himscrúduithe...*


*(b) muinín an phobail a chur chun cinn as an bpróiseas um na gearáin sin a réiteach." [aistriúchán neamhoifigiúil]*

Dá bhrí sin, bíonn an eagraíocht ag déanamh a seacht ndícheall éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú.

## AN tAM A TÓGADH CHUN IMSCRÚDUITHE A DHÚNADH

Bhí laghdú ann san am airmheánach[11] a tógadh chun imscrúduithe coiriúla agus imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht a chríochnú. I dteannta a chéile, is iad is cúis le breis agus trí cheathrú d'imscrúduithe.

**Cairt 7:** An t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil ag deireadh na bliana 2015




### Imscrúduithe coiriúla

Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a dhéanann imscrúdú ar gach líomhain inghlactha maidir le cionta coiriúla ag gardaí, mar shampla, ionsaí. (Rialaítear iad sin le halt 98 den Acht.)

Ag deireadh na bliana 2015, ba é 101 lá an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh. B'ionann an figiúr sin agus feabhas suntasach ar an meánfhigiúr 112 lá sa bhliain 2014.

Ba í an bhliain 2015 an chéad bhliain iomlán de phróiseas athbhreithnithe a cuireadh chun feidhme ar fud gach imscrúdaithe choiriúil. Cuireadh an feabhas ar éifeachtúlacht go mór i leith an phróisis sin, rud lenar cuireadh bearta caighdeánacha rialaithe chun feidhme sna himscrúduithe sin.

Faigheann Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe, atá i gceannas ar fhoirne imscrúdaitheoirí, liosta seachtainiúil cásanna atá ar oscailt le 60 lá agus ar gá dóibh gníomh a dhéanamh orthu le linn na seachtaine sin. Is é a bhíonn i gceist leis sin athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh agus cúnamh a thabhairt don imscrúdaitheoir plean gníomhaíochta a chur le chéile. Mar an gcéanna, faigheann an Leas-Stiúrthóir Imscrúduithe liosta seachtainiúil cásanna atá ar oscailt le 90 lá agus ar gá dó gníomh a dhéanamh orthu le linn na seachtaine sin; faigheann an Stiúrthóir Imscrúduithe liosta seachtainiúil cásanna atá ar oscailt le 120 lá agus ar gá dó gníomh a dhéanamh orthu le linn na seachtaine sin. Ar an leibhéal sin, is éard a bhíonn i gceist leis an ngníomh ná an cás a chur i láthair agus athbhreithniú piaraí, inmheánach nó seachtrach a dhéanamh air. Leantar ar aghaidh leis an stádas foláirimh ar imscrúduithe go dtí nach mbeidh sé ábhartha a thuilleadh.

Tá gach cás a gcatagóirítear go bhfuil líomhain an-tromchúiseach i gceist iontu ina n-ábhar d'athbhreithniú a dhéanann an Stiúrthóir Imscrúduithe agus an Coimisiún Ombudsman gach dhá mhí.

> Rinne gach duine d'Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe de chuid GSOC cur i gcrích ar chlár chun creidiúnú neamhspleách a ghnóthú ón Institute of Criminal Justice Studies, Ollscoil Portsmouth, agus ón mBord Creidiúnúcháin um Chomhlachtaí Maoirseachta Fhorfheidhmiú an Dlí (LEOBAB).

11 Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun.

## Imscrúduithe araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil. Is é an bealach is coitianta ná imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) de réir na Rialachán Araíonachta. Ba ar an mbealach sin a láimhseáladh geall le hocht gcinn as gach deich líomhain araíonachta sa bhliain 2015.

*Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána* (faoi alt 94 den Acht) – I gcásanna áirithe, is féidir le hoifigeach ainmnithe de chuid GSOC maoirseacht a dhéanamh ar an imscrúdú, ag brath ar a thromchúisí atá an líomhain agus/nó ar chineál na líomhna, nó is féidir imscrúdú a dhéanamh orthu gan mhaoirseacht.

- Is *gan mhaoirseacht* atá formhór na n-imscrúduithe (84% sa bhliain 2015) agus, de réir na bprótacal atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór iad a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 16 seachtaine/ 112 lá.

  Maidir leis na himscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht sin ar thug an Garda Síochána fúthu, ba é 279 lá an fad airmheánach ama a tógadh chun iad a chríochnú ag deireadh na bliana 2015. B'ionann é sin agus feabhas ar an mbliain 2014 (309 lá).

  Is féidir an feabhas sin a chur i leith tionscnaimh a reáchtáladh ar fud na bliana 2015 chun leas a bhaint as an eolas agus as an taithí atá ag an gceannfort atá ar iasacht linn ón nGarda Síochána, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar thráthúlacht na n-imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht a dtugann Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIOnna) fúthu faoi alt 94 den Acht. Ba í an bhliain 2015 an chéad bhliain iomlán den tacaíocht dhírithe sin.

  Ba é an smaoineamh taobh thiar den tionscnamh go bhféadfadh go dtiocfadh an méid seo a leanas as díospóireacht aghaidh ar aghaidh idir an ceannfort ar iasacht agus GSIOnna: imscrúdú níos dírithe agus níos comhréirí ar ghearáin; méadú ar an leibhéal faisnéise a chuirtear ar fáil do GSOC le linn imscrúduithe; agus tuiscint níos fearr ann sa Gharda Síochána ar na próisis riaracháin atá i bhfeidhm in GSOC.

  Agus é comhaontaithe leis an nGarda Síochána, spriocdhírítear sa chlár ar na cásanna sin a bhfuil acmhainn ann iad a chríochnú laistigh den amchlár comhaontaithe 16 seachtaine go fóill. Thug an ceannfort ar iasacht le GSOC cuairt ar na GSIOnna a bhfuil freagracht orthu tabhairt faoi na cásanna sin, agus cúnamh á thabhairt acu dóibh an sprioc atá ann imscrúduithe a dhúnadh go comhréireach agus go luath, rud atá chun tairbhe don dá pháirtí, a bhaint amach. Cé go bhfuiltear ag spriocdhíriú go sonrach ar chásanna atá ar bun le 8 – 12 seachtain, pléitear cásanna níos sine freisin d'fhonn na cúiseanna leis an moill a shainaithint agus d'fhonn réitigh fhéideartha ar na cúiseanna sin a iniúchadh.

  Féachtar ar na cuairteanna sin mar dheis freisin aiseolas a fháil a bhféadfaimis é a úsáid chun ár bpróisis láimhseála cáis féin a athrú d'fhonn imscrúduithe ní b'éifeachtúla a dhéanamh.

- Más imscrúdú *faoi mhaoirseacht* é (16% sa bhliain 2015), tiocfaidh imscrúdaitheoir ainmnithe de chuid GSOC le chéile leis an GSIO chun an plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir ainmnithe gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil dó. De réir na bprótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain/ 140 lá. Ba é 296 lá an fad airmheánach ama don bhliain 2015, rud nárbh fheabhas é i gcomparáid leis an mbliain 2014 (244 lá).

*Réiteach neamhfhoirmiúil* (faoi alt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d'Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, e.g. i gcásanna ina ndearna duine gearán go raibh garda míchúirtéiseach, nár ghlaoigh sé ar ais air, nár fhreagair sé litreacha, etc. Mar is féidir a fheiceáil sna faid airmheánacha ama, bíonn sé sin i bhfad níos tapa ná imscrúdú foirmiúil agus bíonn tuilleadh solúbthachta ann ó thaobh torthaí de dá bharr sin e.g. réiteach nó míniú.

I gcás réiteach neamhfhoirmiúil, ba é 104 lá an t-am airmheánach a tógadh chun cás a dhúnadh ag deireadh na bliana 2015, figiúr a bhí cosúil leis an am airmheánach sa bhliain 2014.

*Imscrúdú neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC* (faoi alt 95 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a fhéadfaidh tabhairt faoi chásanna áirithe nach bhfuil cionta i gceist leo de réir dealraimh agus a bhféadfadh ábhair araíonachta a bheith i gceist leo. Dúnadh 16 chás den chineál sin sa bhliain 2015 agus ba é 428 lá an fad airmheánach ama a tógadh chun déanamh amhlaidh don bhliain. Ní feabhas é sin ón mbliain 2014.

Is gnách a bhíonn moilleanna fada ann ar chásanna a imscrúdaítear faoi alt 95 agus bíonn an iomad

cúiseanna leo. Go dtí seo, ba mhinic a bhíodh cásanna a imscrúdaíodh ar an mbealach sin ina gcásanna an-chasta lenar bhain scrúdú a dhéanamh ar an dóigh a ndearnadh imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, ar imscrúduithe iad a mhair roinnt blianta agus a bhféadfadh go raibh go leor ball den Gharda Síochána agus méideanna móra faisnéise agus fianaise i gceist iontu. Is minic a iarrann baill den Gharda Síochána is ábhar d'imscrúduithe den sórt sin comhairle dlí a fháil, mar atá de cheart dlíthiúil acu, rud a fhéadann moilleanna a chruthú ar imscrúduithe a chur i gcrích nuair atáthar ag déileáil le hábhair dhlí. Ar a bharr sin, ceapann Coimisinéir an Gharda Síochána duine ag céim an cheannfoirt nó ag céim níos airde tar éis imscrúduithe den sórt sin chun athbhreithniú a dhéanamh ar imscrúdú GSOC faoi na Rialacháin Araíonachta. Is é an duine sin a dhéanfaidh cinneadh ar an ábhar, is é sin, cé acu a bhaineann an cinneadh le smachtbhanna araíonachta a chur chun feidhme sa chás go gcreideann sé gur sháraigh an ball na rialacháin nó a bhaineann sé le moladh go mbunófaí Bord Fiosrúcháin le haghaidh cásanna níos tromchúisí. Is féidir leis an méid sin méadú a dhéanamh ar an am a thógtar chun an cás a dhúnadh.

Tá athbhreithniú ar an bpróiseas um thabhairt faoi na himscrúduithe sin ar siúl faoi láthair. Is é is aidhm dó modhanna níos éifeachtúla a dhéanamh amach agus gnáthfhad an chineáil sin imscrúdaithe a laghdú.

## INGHLACTHACHT

A luaithe a chuireann gearánach dóthain faisnéise ar fáil, bíonn sé mar aidhm againn cinneadh a dhéanamh a luaithe is féidir maidir lena inghlactha atá an gearán. Mar sin féin, bíonn baint dhíreach ann idir an t-am a thógtar chun inghlacthacht gearán a chinneadh agus na sonraí ar leith a ghabhann le gach gearán a fhaightear.

Bhain líon na ngearán a bhí ar feitheamh cinntí inghlacthachta buaicfhigiúr 224 ghearán amach ag deireadh mhí an Mhárta 2015. B'ionann é sin agus laghdú 20% ó bhuaic na bliana seo caite (285), rud a tháinig as laghdú ar an líon gearán a fuarthas. Laghdaíodh é go 180 gearán faoi dheireadh na bliana. Mar sin féin, is líon ard é fós agus aithnímid go bhfuil tionchar iarmhartach ag an méadú san am a thógtar chun gearáin a phróiseáil tríd an bpróiseas inghlacthachta ar na hamanna airmheánacha a thógtar chun cásanna a dhúnadh, ós rud é go dtomhaistear cásanna ón lá a osclaítear an comhad go dtí an lá a dhúntar é.

Na hiarrachtaí a dhéantar chun próiseas inghlacthachta GSOC a chuíchóiriú agus laghdú a dhéanamh ar an am a thógtar chun cinntí inghlacthachta a dhéanamh, ní mór don eagraíocht leanúint ar aghaidh ag díriú orthu sa bhliain 2016.

## IARRATAÍ AR FHAISNÉIS ÓN nGARDA SÍOCHÁNA

Chuir an Garda Síochána córas riaracháin nua i bhfeidhm le linn 2013. Tríd an gcóras sin, sheolfaí iarrataí ar dhoiciméid ó GSOC chuig seoladh ríomhphoist tiomnaithe agus chuig foireann thiomnaithe a bheadh freagrach as a chinntiú go soláthrófaí freagraí laistigh den uasteorainn ama 30 lá a bhí comhaontaithe sna Prótacail idir an dá eagraíocht.

De ghnáth, úsáidtear an córas sin le haghaidh gnáthdhoiciméad nó doiciméid éigeantacha. I measc samplaí de nithe a iarrtar go rialta, tá ainmneacha na ngardaí a bhí páirteach i dteagmhas a bhfuil gearán á dhéanamh faoi; nótaí a tógadh tráth an teagmhais; taifid choimeádta agus aon doiciméid ghaolmhara; nó cóip d'aon chomhad imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána a bhaineann le teagmhas ar leith.

Sa bhliain 2015, fuaireamar freagraí iomlána ar 93.6% d'iarrataí laistigh den teorainn ama 30 lá. Ní raibh ach 6.4% díobh neamh-chomhlíonta tar éis 30 lá. Is ionann é sin agus feabhas suntasach ar chomhlíonadh na bPrótacal i gcomparáid leis an mbliain 2013 agus leis an mbliain 2014. Léiriú dearfach ar chomhar níos fearr idir an dá eagraíocht is ea é.

Beag beann ar an dul chun cinn soiléir sin, tá imní ann gur tugadh formhór na bhfreagraí comhlíontacha measartha gar don teorainn ama 30 lá; ba é 22 lá an meán-am a tógadh chun freagra comhlíontach a fháil sa bhliain 2015, rud a bhí cosúil leis an meán-am sa bhliain 2014.

**Tábla 3:** An t-am a tógadh chun freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis

| Am freagartha | Iarrataí comhlíontacha a cuireadh i gcrích | % |
|---|---|---|
| 0-10 lá | 27 | 8.85% |
| 11-20 lá | 74 | 24.26% |
| 21-25 lá | 68 | 22.30% |
| 26-30 lá | 136 | 44.59% |
| **Iomlán** | **305** | **100.00%** |

Ós rud é gur de chineál caighdeánach atá an chuid is mó den fhaisnéis a iarrtar tríd an gcóras, is am measartha fada é 22 lá ina leith sin. Fágann na tréimhsí feithimh sin go mbíonn réanna fada i gceist le himscrúduithe a dhéanamh ar mhionábhair, fiú. Chuathas i mbun plé leathan leis an nGarda Síochána

sa bhliain 2015 chun oibriú ar son éifeachtúlacht a bhaint amach.

Mar gheall ar na hamanna fada freagartha atá luaite thuas, ní féidir iarrataí ar fhianaise, ná iarrataí am-íogaire ar fhaisnéis, a phróiseáil laistigh den chóras sin. I gcásanna den sórt sin, cuireann an tOifigeach Ainmnithe de chuid GSOC a iarraidh phráinneach in iúl go díreach don Oifigeach Dúiche iomchuí, agus é ag iarraidh go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil go díreach dó. (Sampla de chás ina mbíonn iarrataí ar fhaisnéis am-íogair is ea iarraidh ar phíosa scannáin TCI, nó iarraidh ar chuntais tosaigh ar imscrúdú coiriúil nó araíonachta atá tromchúiseach.)

I mí na Samhna 2014, dréachtaíodh comhaontú seirbhíse lenar cuireadh na socruithe thuasluaite ar bhonn foirmiúil. Níor cuireadh ainm leis an gcomhaontú sin sa bhliain 2015, áfach.

Ós rud é gur eochairtháscaire ar a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá an córas maoirseachta í tráthúlacht in imscrúduithe, tosaíocht don Choimisiún Ombudsman sa bhliain 2016 a bheidh i ndul i mbun oibre leis an nGarda Síochána chun bealach a aimsiú ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin.

## ULLMHACHT DON REACHTAÍOCHT NUA

Tháinig roinnt píosaí nua reachtaíochta i bhfeidhm le bliain anuas ar oibrigh GSOC ar a gcur chun feidhme.

### Cosaint leanaí

Foilsíodh an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015[12] i mí na Samhna agus achtaíodh codanna de. Agus muid ag ullmhú dó, tá páirt glactha ag GSOC i nGrúpa Forfheidhmithe Ceartais le roinnt blianta anuas. D'fhorbraíomar beartas um Chosaint Leanaí de réir na dtreoirlínte dar teideal "Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí".

Tá Oiliúint i gCosaint Leanaí faighte de réir na dtreoirlínte ag gach ball foirne a d'fhéadfadh dul i dteagmháil le leanaí le linn a bhfostaíochta agus tá GSOC ag comhlíonadh go hiomlán na bhforálacha san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Cuirtear oiliúint ar bhaill foirne in ábhair imní um chosaint leanaí, amhail faillí nó mí-úsáid líomhnaithe, a shainaithint go cuí agus tá beirt teagmhálaithe ainmnithe ag GSOC a mheasúnaíonn gach cás ina sainaithnítear ábhair imní ar bith den sórt sin. Chomh maith leis sin, coimeádann siad teagmháil rialta le TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus leis an nGarda Síochána ionas gur féidir gníomh cuí a dhéanamh i dtaca le haon ábhair imní um leas leanaí.

Sa bhliain 2015, shainaithin GSOC 202 chás a raibh riosca féideartha do chosaint agus leas linbh iontu. Tugadh 37 gcás ar aghaidh ón mbliain 2014 freisin. Dá bhrí sin, dhéileáil GSOC le 239 gcás den sórt sin sa bhliain 2015. Díobh sin:

- Bhí 75 chás ina chúis le tarchuir chuig TUSLA
- Breithníodh 113 chás ina ndearnadh cinneadh gan iad a tharchur chuig TUSLA
- Bhí 51 chás á mbreithniú fós ag deireadh na bliana mar nár chuimsigh siad go leor faisnéise chun a éileamh go ndéanfaí tarchur faisnéiseach. (Déanfar cinneadh ar gach ceann de na cásanna sin sa bhliain 2016).

### Fianaise dlí-eolaíochta agus córas bunachar sonraí DNA

Achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachar Sonraí DNA) 2014[13] i mí na Samhna 2015. Leis an Acht sin, tugadh bunachar sonraí náisiúnta DNA isteach sa dlí, rud atá cosúil leis na bunachair shonraí atá ann cheana féin sa Ríocht Aontaithe agus i lear tíortha eile san Eoraip. Stóráiltear an bunachar sonraí náisiúnta laistigh d'Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, institiúid atá lonnaithe faoi láthair i gceanncheathrú an Gharda Síochána i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Shannamar beirt imscrúdaitheoirí d'oibriú mar phríomhoifigigh idirchaidrimh a d'oibreodh go dlúth le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann chun a chinntiú go mbeadh GSOC ag comhlíonadh na reachtaíochta go hiomlán chomh luath agus a bheadh sí achtaithe.

Fuair gach imscrúdaitheoir treoir maidir le conas ba cheart samplaí DNA agus samplaí fóiréinseacha a thógáil de réir na reachtaíochta nua sin. D'fhorbair GSOC Cód Cleachtais le haghaidh chur chun feidhme an Achta. Comhaontaíodh Prótacal oibriúcháin le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann freisin.

### Cearta íospartaigh na coireachta

Tháinig Treoir 2012/29/AE[14] in éifeacht i mí na Samhna 2015. Tugadh tacar sonraithe ceart d'íospartaigh na coireachta den chéad uair riamh. Agus muid ag ullmhú di, chuamar i mbun teagmháil sa bhliain

12 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/36/enacted/en/pdf
13 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/11/enacted/en/pdf
14 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32012L0029&from=EN

2015 le gníomhaireachtaí eile i réimse an Cheartais chun cleachtais a chomhordú maidir le déileáil le híospartaigh na coireachta. Nuashonraíomar ár gCód Cleachtais i dtaca le híospartaigh na coireachta agus d'oibríomar chun córais a chur i bhfeidhm le haghaidh an fhaisnéis agus an tacaíocht a éilítear leis an Treoir a chur ar fáil. Áiríodh leo sin oiliúint feasachta do bhaill foirne; forbairt a dhéanamh ar inneachar suíomh Gréasáin agus ar bhileog faisnéise shonrach ina dtugtar faisnéis i dteanga shoiléir shothuigthe d'íospartaigh na coireachta; agus nósanna imeachta nua a chur chun feidhme do bhaill foirne Chásoibre agus Imscrúduithe maidir le híospartaigh na coireachta a mheasúnú.

Anuas ar ár gcuid déileálacha díreacha le híospartaigh na coireachta (gearánaigh a dhéanann líomhaintí go ndearna gardaí cionta coiriúla), d'aithin an Coimisiún go dtugtar féidearthacht leis an Treoir go bhféadfadh GSOC gearáin faoi fhaillí i ndualgas a fháil ó íospartaigh na coireachta i dtaca leis an dóigh ar dhéileáil an Gharda Síochána leo, mar thoradh ar na cearta atá acu faoin Treoir. Bhunaíomar líne theagmhála le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta agus tá súil againn go mbeimid in ann tús áite a thabhairt do réiteach in ábhair den sórt sin in ionad próisis fhada araíonachta a úsáid, nuair is féidir, ach oibriú le chéile.

*i*

Áirítear cumarsáid shoiléir intuigthe le Treoir 2012/29/AE mar cheart dlíthiúil a bhíonn ag íospartaigh na coireachta. Ceanglaíonn sé sin freisin le dearbhphrionsabal na cothroime atá ina chuid de ráiteas misin GSOC. Cuid de bheith ag caitheamh go cothrom leis na daoine a mbímid ag déileáil leo is ea cumarsáid a dhéanamh leo ar bhealach a thuigfidh siad. Mar thoradh air sin, thionscain GSOC tionscadal 'Teanga Shoiléir' sa bhliain 2015. Chomh maith leis sin, chuireamar tús le hobair ar ár n-inneachar suíomh Gréasáin, ár mbileoga faisnéise, ár litreacha – agus ár gcumarsáid ar fad leis an bpobal – a athbhreithniú chun a fháil amach cén áit a bhféadfaimis faisnéis a dhéanamh ní ba shothuigthe. Beidh an obair sin ar siúl sa bhliain 2016.

## Cás-Staidéar

Rinne fear gearán le GSOC ar líomhnaíodh ann, de réir cosúlachta, gur tháinig gardaí chun a thí, gur choimeád siad é go neamhdhleathach agus gur ghlac siad suim airgid uaidh lena tabhairt do pháirtí eile i ndíospóid. Ós rud é gurbh ionann na líomhaintí sin agus cionta coiriúla féideartha, osclaíodh imscrúdú coiriúil faoi alt 98 den Acht.

Ós rud é go raibh an fear ar bheagán Béarla, shocraigh an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC go mbeadh ateangaire i gcuideachta an fhir. Tháinig an fear chun ár n-oifigí agus thug sé ráiteas iomlán i dteanga de chuid na hÁise ar aistrigh an t-ateangaire é. Le linn an phróisis sin, tháinig sé chun solais gur baineadh míbhrí as a líomhain tosaigh. Tháinig sé chun solais gur go toilteanach a thug sé an t-airgead don gharda lena thabhairt do dhuine eile a raibh air taisce a íoc leis. Tharla sé nach raibh aon fhadhbanna aige lena choimeád. Mar sin féin, bhí sé ag iarraidh líomhain ionsaithe a dhéanamh in aghaidh a chomrádaithe árasáin.

Dheimhnigh an t-imscrúdaitheoir nárbh amhlaidh go raibh sé ag déanamh gearán faoi bhaill ar bith den Gharda Síochána agus chuir sé in iúl dó conas a d'fhéadfadh sé gearán ionsaithe a dhéanamh leis an nGarda Síochána in aghaidh a chomrádaithe árasáin. D'iarr an t-imscrúdaitheoir air teagmháil a dhéanamh linn arís má bhíonn aon fhadhbanna aige leis sin. Ní dhearna sé teagmháil linn arís agus stad sé de dhul i mbun comhfhreagrais. Dúnadh an cás mar sin ós rud é gur glacadh leis go raibh an t-ábhar réitithe.

D'fhonn an deis ab fhearr a thabhairt dó páirt a ghlacadh ann, ba i mBéarla agus ina theanga dhúchais a bhí na litreacha go léir a seoladh chuig an ngearánach le linn an phróisis.

# RANNÁN 6: EOLAS A THABHAIRT D’FHORBAIRT BEARTAIS AGUS DO CHLEACHTAS PÓILÍNEACHTA

Tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D’fhonn líon na ngearán den chineál céanna a laghdú nó deireadh a chur leo amach anseo, comhroinneadh 36 mholadh a rinneadh i dtaca le beartais agus le cleachtais mar thoradh ar thorthaí an imscrúdaithe le Coimisinéir an Gharda Síochána sa bhliain 2015. Ba iad na hábhair ba choitianta ná imscrúdú na coireachta, caitheamh le daoine faoi choimeád agus teagmhais tráchta ar bhóithre.

Tabhair faoi deara: Níl sa liosta seo ach amháin moltaí a cuireadh in iúl le linn na bliana 2015. Mar sin féin, áirítear ann an t-aiseolas a fuarthas i dtaca leis na moltaí sin thar na trí mhí ina dhiaidh sin (suas go dtí an 24 Márta 2016).

**Tábla 4:** Tuairimí ar tarraingíodh aird an Gharda Síochána orthu sa bhliain 2015

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|
| Gabháil | Áitreabh a dhaingniú tar éis iontráil fhórsáilte | Imscrúdú tar éis gearán a fháil gur úsáid an Garda Síochána fórsa chun dul isteach in áitreabh le haghaidh duine a ghabháil agus gur fágadh slándáil an fhoirgnimh leochaileach nuair a “dhaingnigh” ball den Gharda Síochána an t-áitreabh ach an doras tosaigh a dhúnadh, rud ba chúis le goid. | Go n-eiseofaí treoirlínte níos soiléire chuig baill maidir lena bhfuiltear ag súil leis uathu agus áitreabh a cuireadh faoi iontráil fhórsáilte á dhaingniú. | 26/03/2015 | Admháil a fuarthas an 22/05/2015, inar luadh gur cuireadh tuairimí ar aghaidh chuig an roinn ábhartha le haghaidh breithniú agus aird a thabhairt orthu. |
| Imscrúdú coiriúil | Glaonna 999 | Imscrúdú a rinne GSOC inar tugadh le fios go bhfuair an Garda Síochána faisnéis trí ghlao 999 gurbh fhéidir go raibh duine i mbaol ach níor fiosraíodh an scéal. Fuair an duine bás. | Go n-atheiseodh an Garda Síochána treoirlínte maidir leis an dóigh a láimhseáiltear glaonna 999. | 07/08/2015 | Litir admhála a fuarthas 17/08/2015. |
| Imscrúdú coiriúil | Braistint claontachta | Imscrúdú lenar bhain líomhaintí a rinne ball amháin den Gharda Síochána in aghaidh baill eile go ndearnadh coir thromchúiseach | Go gcuirfí tuilleadh treorach ar fáil d’Oifigigh Dhúiche agus Rannáin i gcás ina ndéanann ball amháin líomhaintí go ndearna ball eile coir thromchúiseach. Gurbh é ball nach bhfuil aon aithne ghairmiúil aige ar na daoine lena mbaineann ná aon chaidreamh gairmiúil aige leo a dhéanfadh an t-imscrúdú. | 19/05/2015 | Litir admhála a fuarthas an 20/08/2015 inar luadh gur sainaithníodh na saincheisteanna ar fad lena n-imscrúdú agus gur eisíodh gníomh cuí agus treoir chuí, má measadh é a bheith cuí. |
| Imscrúdú coiriúil | Finnéithe is ógánaigh | Imscrúdú tar éis gearán a fháil gur cuireadh finné faoi bhun 18 mbliana d’aois faoi agallamh gan tuismitheoir ná caomhnóir a bheith i láthair. | Go n-eiseodh an Garda Síochána treoirlínte do bhaill maidir le finnéithe is leanaí faoi bhun 18 mbliana d’aois a chur faoi agallamh neamhfhoirmiúil. | 08/06/2015 | Litreacha a fuarthas an 22/06/2015 agus an 30/09/2015 inar luadh gur cuireadh saincheisteanna in iúl don Stiúrthóir Oiliúna agus Forbartha i gColáiste an Gharda Síochána agus d’Ard-Cheannfort na Rannóige um Beartas agus Riarachán Coireachta i gCeanncheathrú an Gharda Síochána lena mbreithniú. D’fhéadfaí iad a bhreithniú le haghaidh modúil oiliúna i gColáiste an Gharda Síochána. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|
| Imscrúdú coiriúil | Bainistíocht tóraíocht feithicle | Le linn gearán a imscrúdú, tháinig saincheisteanna aníos maidir le conas a bhí baill ag cloí le Cóid de chuid an Gharda Síochána i dtaca le tóraíocht feithicle. Leagadh béim ar an easpa treorach ón lucht bainistíochta freisin. | Go ndéanfadh an Garda Síochána athbhreithniú agus treisiú ar an treoir maidir le Tóraíocht a Thionscnamh agus Freagrachtaí na Rialtóirí Raidió le linn Tóraíochta. | 15/12/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 08/01/2016, inar luadh gur nuashonraíodh taifid dá réir agus gur tarchuireadh iad chuig Oifigigh Rannóige Chill Chainnigh/ Cheatharlach um Beartas agus Riarachán Coireachta lena gcuid tuairimí agus barúlacha a fháil.<br>Cuireadh dréachtleagan de 'Beartas Tóraíochta an Gharda Síochána' isteach lena bhreithniú ag Coiste Feidhmiúcháin an Gharda Síochána i dtaca le saincheisteanna a ardaíodh. |
| Imscrúdú coiriúil | Bainistíocht tóraíocht feithicle | Imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre lenar bhain bás. | • Go mbreithneodh Coimisinéir an Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar rannáin 35-41 den Chód ón nGarda Síochána chun a mheasúnú cé chomh praiticiúil atá an treoir atá istigh ann gur faoin rialtóir raidió atá sé a chinneadh cé acu a údarófar tóraíocht nó a chuirfear deireadh léi.<br>• Go soláthrófaí oiliúint phraiticiúil i dtóraíocht do bhaill den Gharda Síochána. | 14/10/2015 | Litir admhála a fuarthas an 20/10/2015. |
| Imscrúdú coiriúil | Caomhnú fianaise | Imscrúdú a rinneadh tar éis líomhaintí go ndearnadh faillí i ndualgas agus coir thromchúiseach a thuairiscigh ball den phobal á himscrúdú. | Go n-atheiseodh an Garda Síochána treoir do bhaill agus iad ag déileáil le tuairiscí ar chion gnéasach tromchúiseach, agus aird á tabhairt ar an bhfíric gurb ann do dhualgas aon fhianaise fhéideartha a fháil agus a chaomhnú láithreach. | 28/04/2015 | Litir admhála a fuarthas an 08/05/2015. |
| Imscrúdú coiriúil | Caomhnú láithreacha coireanna | Imscrúdú a rinne GSOC ar líomhaintí go ndearnadh faillí i ndualgas agus bás á imscrúdú. | Go dtabharfadh an Garda Síochána íoschaighdeán náisiúnta isteach maidir le básanna a imscrúdú le haghaidh an phróisis chróinéara. | 18/08/2015 | Ní bhfuarthas freagra ar bith. |
| Imscrúdú coiriúil | Caomhnú láithreacha coireanna | Imscrúdú a rinne GSOC ar líomhaintí go ndearnadh faillí i ndualgas agus bás á imscrúdú. | Ba cheart grianghraif a ghlacadh de láithreacha báis thobainn mar ghnáthchúrsa. | 18/08/2015 | Ní bhfuarthas freagra ar bith. |
| Imscrúdú coiriúil | Caomhnú láithreacha coireanna | Imscrúdú a rinne GSOC ar líomhaintí go ndearnadh faillí i ndualgas agus bás á imscrúdú. | Go mbreithneodh an Garda Síochána gur cheart do bhall de chéim níos airde maoirseacht a dhéanamh ar chinntí a dhéantar i gcásanna ina gcuirtear de chúram ar bhaill atá óg nó ar bheagán taithí bás atá tobann nó mínádúrtha a imscrúdú. | 18/08/2015 | Ní bhfuarthas freagra ar bith. |
| Imscrúdú coiriúil | Soláthar faisnéise / Íospartaigh na coireachta | Imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre. | • Treoir a chur ar fáil do bhaill maidir le cén uair agus cé chomh minic ba cheart íospartaigh na coireachta a choinneáil ar an eolas má éiríonn an t-imscrúdú fada nó fadtréimhseach.<br>• Caighdeán náisiúnta a chur chun feidhme maidir le híospartaigh na coireachta a choinneáil ar an eolas.<br>• Oiliúint bhreise maidir le riachtanais íospartaigh na coireachta. | 28/08/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 16/10/2015, inar luadh gur bunaíodh Oifig Tacaíochta d'Íospartaigh na Coireachta i ngach Rannán den Gharda Síochána, agus é mar acmhainn acu déileáil le hábhair den sórt sin. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|
| Imscrúdú coiriúil | Soláthar faisnéise | Imscrúdú ar ghearán gur theip ar ghardaí freagra a thabhairt ar thuairisciú teagmhais agus nár cuireadh an gearánach ar an eolas faoin imscrúdú ná faoin té a bhí faoi amhras. | Go dtabharfadh an Garda Síochána treoir do bhaill maidir le cé chomh minic ba cheart eolas a chur ar ghearánaigh. | 23/09/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 29/09/2015. Comhfhreagras breise a fuarthas an 03/11/2015 inar iarradh faisnéis bhreise chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís. D'eisigh GSOC litir leantach an 04/11/2015. |
| Imscrúdú coiriúil | Coinneáil taifead | Imscrúdú lenar bhain líomhaintí a rinne ball amháin den Gharda Síochána in aghaidh baill eile go ndearnadh coir thromchúiseach | Go meabhrófaí do bhaill den Gharda Síochána cé chomh tábhachtach atá sé ábhair a thaifeadadh go cuí sa chóras PULSE. | 19/05/2015 | Litir admhála a fuarthas an 20/08/2015 inar luadh gur sainaithníodh na saincheisteanna ar fad lena n-imscrúdú agus gur eisíodh gníomh cuí agus treoir chuí, má measadh é a bheith cuí. |
| Imscrúdú coiriúil | Tuairisciú teagmhas | Imscrúdú a rinne GSOC inar tugadh le fios go bhfuair an Garda Síochána faisnéis trí ghlao 999 gurbh fhéidir go raibh duine i mbaol ach níor fiosraíodh an scéal. Fuair an duine bás. | Go n-atheiseodh an Garda Síochána treoirlínte maidir leis an tábhacht a bhaineann le hiontrálacha a dhéanamh i nótaí leabhar agus le teagmhais a thaifeadadh sa chóras PULSE. | 07/08/2015 | Litir admhála a fuarthas 17/08/2015. |
| Imscrúdú coiriúil | Úsáid trealaimh | Imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre mar ar léir nach raibh trealamh cuí ag an gCigire Feithicle Seirbhíse Poiblí (PSV). | Go gcinnteofaí go n-eiseofaí ceamara chuig gach Cigire Feithicle Seirbhíse Poiblí le haghaidh grianghraif a dhéanamh den damáiste a rinneadh d'fheithiclí nó é a thaifeadadh. | 16/12/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 06/01/2016, inar luadh gur cuireadh torthaí imscrúdú GSOC in iúl do na geallsealbhóirí ábhartha. |
| Ilghnéitheach | Taispeáint ID de chuid an Gharda Síochána | Tharla sé le linn imscrúdaithe go ndearna ball nach raibh ar dualgas a bhí i mbun easaontais le tiománaí tacsaí maidir le táille thacsaí a aitheantas mar bhall den Gharda Síochána a thaispeáint dó le linn an easaontais. Trí dhéanamh amhlaidh, chuir sé é féin ar dualgas. | Go dtabharfadh an Garda Síochána treoir níos soiléire do bhaill maidir le haitheantas de chuid an Gharda Síochána a thaispeáint. | 14/05/2015 | Ní bhfuarthas freagra ar bith. |
| An Córas PULSE | Soláthar faisnéise agus an rochtain ar fhaisnéis | Imscrúdú ar ghearán maidir leis an leibhéal rochtana ar an gcóras PULSE atá ag baill den Gharda Síochána ar phróifíl duine nach maireann. | Go ndéanfaí breithniú ar ról an Gharda Síochána i rochtain ar na sonraí atá ina sheilbh a bhainistiú agus a chosaint agus go gcinnteofaí go gcloífeadh gach ball leis an Acht um Chosaint Sonraí. | 16/11/2015 | Litir Admhála a fuarthas, dar dáta an 29/12/2015, inar luadh gur cuireadh na hábhair imní a ardaíodh ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Cúnta, Forbairt Eagraíochta agus Pleanáil Straitéiseach, lena bhreithniú. |
| An Córas PULSE | Comhroinnt faisnéise | Tháinig sé chun solais in imscrúdú go ndearnadh faisnéis a aisghabháil ón gcóras PULSE agus a chur ar aghaidh chuig gníomhaireacht sheachtrach le linn imscrúdaithe de chuid an Gharda Síochána. | Go ndéanfadh an Garda Síochána athbhreithniú agus nuashonrú ar Mheabhráin Tuisceana le go mbeadh sé ní ba shoiléire cén sórt faisnéise 'boige' is féidir agus nach féidir a chur ar fáil do Ghníomhaireachtaí eile Stáit de réir alt 7(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005. | 19/05/2015 | Litir admhála a fuarthas an 06/08/2015 inar luadh gur chuir an Coimisinéir Cúnta ar Sheirbhísí Náisiúnta Tacaíochta in iúl go bhfuil Meabhrán Tuisceana 1996 á athbhreithniú faoi láthair chun forbairtí reachtacha, oirbheartaíocha agus riaracháin a léiriú. |
| An Córas PULSE | Úsáid an chórais PULSE | Imscrúdú inar tugadh le fios go raibh neamhleanúnachas ann i measc ball den Gharda Síochána maidir le hábhair a bhaineann le háitribh cheadúnaithe a thaifeadadh sa chóras PULSE. | Go ndéanfaí treoirlínte do bhaill a atheisiúint. | 23/09/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 29/09/2015. Comhfhreagras breise a fuarthas an 03/11/2015 inar iarradh faisnéis bhreise chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís. D'eisigh GSOC litir leantach an 04/11/2015. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais tráchta ar bhóithre | Coinneáil taifead | Imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre lenar bhain bás. | Go dtaifeadfadh baill den Gharda Síochána na gníomhartha sonracha a rinne siad le linn imscrúdú ar imbhualadh tráchta ar bhóithre agus gur cheart na gníomhartha sin a chur ar fáil lena n-athbhreithniú. | 04/02/2015 | Litir admhála a fuarthas an 11/02/2015. |
| Teagmhais tráchta ar bhóithre | Coinneáil taifead | Imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre, ar cuireadh in iúl do GSOC lena linn nár thaifead baill den Gharda Síochána aon nótaí ar an teagmhas. | Go dtabharfadh an Garda Síochána fógra dá chuid ball faoina thábhachtaí atá coinneáil taifead agus logaí cinnidh. | 16/12/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 06/01/2016, inar luadh gur cuireadh torthaí imscrúdú GSOC in iúl do na geallsealbhóirí ábhartha. |
| Teagmhais tráchta ar bhóithre | Maoirseacht | Imscrúdú a rinneadh tar éis líomhaintí go ndearnadh faillí i ndualgas agus teagmhas tráchta ar bhóithre lenar bhain bás á imscrúdú. | Go gcinnteodh an tOifigeach Ainmnithe go ndéanfaí pearsanra de chuid an Gharda Síochána atá cuí-oilte agus ag a bhfuil taithí chuí a leithdháileadh ar imscrúdú a dhéanamh ar bhásanna ar bhóithre agus go dtabharfaí faoi athbhreithnithe rialta nó faoi chás-chomhdhálacha rialta. | 04/02/2015 | Litir admhála a fuarthas an 11/02/2015. |
| Teagmhais tráchta ar bhóithre | Maoirseacht | Léiríodh in imscrúdú a rinneadh tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre nach raibh tuiscint shoiléir ag baill a d'fhreastail ar an láthair ar a gcuid ról ná freagrachtaí. | Go gcinnteodh oifigigh de chuid an Gharda Síochána go ndéanfaí imscrúdú imleor ar gach imbhualadh tráchta ar bhóithre ach pearsanra de chuid an Gharda Síochána atá cuí-oilte agus ag a bhfuil taithí chuí a leithdháileadh orthu, agus go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar nósanna imeachta Imscrúdaitheacha. | 16/12/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 06/01/2016, inar luadh gur cuireadh torthaí imscrúdú GSOC in iúl do na geallsealbhóirí ábhartha. |
| Teagmhais tráchta ar bhóithre | Úsáid logleabhar beartais | Imscrúdú tar éis imbhualadh tráchta ar bhóithre lenar bhain bás. | Go ndéanfadh Oifigigh Shinsearacha Imscrúdaithe ar aon imbhualadh tráchta ar bhóithre lena mbaineann bás a gcinntí a thaifeadadh i logleabhar beartais a bhíonn ar fáil lena athbhreithniú. | 04/02/2015 | Litir admhála a fuarthas an 11/02/2015. |
| Cuardach | Loga cuardaigh / Ceamara / Coinneáil taifead | Tar éis imscrúdú ar an loga cuardaigh gan a bheith comhlánaithe ach go páirteach agus go neamhleor ag ball den Gharda Síochána (N.B. níl sé ina riachtanas in Éirinn taifead cuardaigh a chomhlánú). | • Go ndéanfadh an Garda Síochána breithniú ar riachtanas a dhéanamh de go gcomhlánófaí logaí cuardaigh go hiomlán.<br>• Go gcuirfí ceamara ar fáil do bhaill den Gharda Síochána ionas gur féidir leo grianghraif a ghlacadh de láithreacha roimh chuardaigh agus ina ndiaidh.<br>• Go meabhrófaí do bhaill den Gharda Síochána a thábhachtaí atá breacadh nótaí agus gur cheart nótaí a chomhlánú a luaithe is féidir. | 10/03/2015 | Litir admhála a fuarthas an 28/04/2015 inar luadh gur cuireadh comhfhreagras agus faisnéis chúlra ar aghaidh chuig an rannóg ábhartha chun moltaí a bhreithniú. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Nósanna imeachta coimeádta | Imscrúdú a rinne GSOC tar éis duine a bhaint d'áras an teaghlaigh tar éis dó éirí ionsaitheach i leith ball dá theaghlach agus gardaí. Níor cuireadh glais lámh ar an gcime, rud as ar tháinig mórdhíobháil choirp ina dhiaidh sin agus é ar an mbealach chuig Stáisiún na nGardaí. Bhí cabhair leighis ag teastáil uaidh. | • Go n-atheiseofaí comhairle neamhfhoirmiúil do bhaill maidir le glais lámh a chur ar chime.<br>• Go gcuirfí baill ar an eolas faoi bheartais an Gharda Síochána maidir le cuardach tar éis gabháil. | 12/01/2015 | Admháil go bhfuarthas litir an 03/03/2015.<br>Fuarthas tuarascáil ina dhiaidh sin an 20/05/2015 inar luadh gur cuireadh na baill lena mbaineann ar an eolas go neamhfhoirmiúil faoi na beartais agus gur tugadh fógra don Stiúrthóir Oiliúna agus Forbartha i gColáiste an Gharda Síochána faoi na saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Aiseolas a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Nósanna imeachta coimeádta | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. | Go ndéanfadh an Garda Síochána breithniú ar athspléachadh a thabhairt ar na rialacháin agus ar na treoirlínte a bhaineann leis an dóigh a gcaitear le daoine faoi choimeád, agus aird ar leith á tabhairt ar na rioscaí a ghabhann le daoine faoi choimeád a bheith ar meisce. | 08/09/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 25/11/2015, inar luadh go bhfuarthas tuairimí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar an Treoir ón gCeanncheathrú maidir le Measúnú ar Dhaoine ar Meisce ag an nGarda Síochána, gur cuireadh na tuairimí sin ar áireamh sa dréacht-Treoir ón gCeanncheathrú agus gur seoladh an dréacht sin ar aghaidh chuig an gCoimisinéir lena cheadú. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Maoin a dhoiciméadú, a choinneáil slán agus a thabhairt ar ais | Le linn imscrúdú a dhéanamh ar ghearán, tháinig saincheisteanna chun cinn maidir le maoin cime a thabhairt ar ais dó. | Go ndéanfadh an Garda Síochána athbhreithniú ar an dóigh a mbainistítear maoin príosúnach ag Stáisiúin na nGardaí chun a chinntiú go ndéanfar maoin a ghabhtar a dhoiciméadú go cruinn, a choinneáil slán agus a thabhairt ar ais do phríosúnaigh ar a scaoileadh. Chabhródh an próiseas sin le maoin a phróiseáil, le míreanna a thabhairt ar ais dá n-úinéirí dlisteanacha agus leis an líon gearán a laghdú. | 15/12/2015 | Ní bhfuarthas freagra ar bith. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Coinneáil taifead / Rialacháin Choimeádta | Imscrúdú ina bhfuarthas nach raibh aon taifead ann ar sheiceálacha rialta ar chime a bhí ar meisce ar theacht isteach i stáisiún na nGardaí dó agus ar measadh go raibh díobhálacha infheicthe aige. | Go dtabharfadh an Garda Síochána fógra dá chuid ball ar a thábhachtaí atá sé taifid choimeádta a nuashonrú ar bhealach atá imleor ó thaobh sonraí agus cáilíochta de. | 30/03/2015 | Admháil a fuarthas an 13/04/2015 inar luadh gur cuireadh tuairimí ar aghaidh chuig an roinn ábhartha le haghaidh breithniú. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Oiliúint | Imscrúdú tar éis do dhuine bás a fháil agus é faoi choimeád. | Go ndéanfaí breithniú ar oiliúint a chur ar oifigigh thiomnaithe choimeádta. | 08/09/2015 | Litir admhála a fuarthas, dar dáta an 25/11/2015, inar luadh go bhfuarthas tuairimí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar an Treoir ón gCeanncheathrú maidir le Measúnú ar Dhaoine ar Meisce ag an nGarda Síochána, gur cuireadh na tuairimí sin ar áireamh sa dréacht-Treoir ón gCeanncheathrú agus gur seoladh an dréacht sin ar aghaidh chuig an gCoimisinéir lena cheadú. |

Cuireadh seacht moladh sa bhreis chuig Coimisinéir an Gharda Síochána i riocht na tuarascála ón gCoimisiún Ombudsman tar éis cleachtas, beartas agus nós imeachta a scrúdú i dtaca le hathchur faoi choimeád. Tá siad liostaithe i Rannán 4.

# RANNÁN 7: SOLÁTHAR FOIRNE


Ag an 31 Nollaig 2015, bhí 77 mball foirne ann in GSOC, dá raibh 20 duine fostaithe sa Stiúrthóireacht Riaracháin agus dá raibh 57 nduine fostaithe sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Anuas air sin, bhí an triúr Coimisinéirí, Ceannfort a bhí ar iasacht ón nGarda Síochána agus beirt chonraitheoirí TFC ann.

Le linn na bliana, d'éirigh an tUas. Simon O'Brien as agus ceapadh an Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring mar Chathaoirleach ar feadh na coda eile de thionacht an Choimisiúin reatha. Chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí roinnt feachtas earcaíochta i gcrích go rathúil thar ceann GSOC chun roinnt ról tábhachtach a líonadh, lenar áiríodh an ról mar Cheann Gnóthaí Dlí, an ról mar Cheann TFC agus dhá ról mar Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe.

Sa dara cuid den bhliain 2015, tugadh do GSOC leibhéal méadaithe neamhspleáchais ó thaobh earcaíochta de. Mar sin, bhíothas in ann aon fholúntais a bhí fágtha nó a tháinig chun cinn a líonadh ní ba ghasta ná mar a tharla roimhe sin. Meastar go mbeidh na folúntais uile líonta faoi lár na bliana 2016.

Tugtar mionsonraí in Aguisín 5 faoi oiliúint agus forbairt foirne a rinneadh sa bhliain 2015. Liostaítear ann na comhdhálacha, na cúrsaí agus na ceardlanna ar fhreastail baill foirne orthu agus an breisoideachas ar tugadh faoi le cabhair ón Scéim um Aisíoc Táillí.

**Cairt 8:** Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin



# CONCLÚID

Bliain ghnóthach a bhí sa bhliain 2015. D'éirigh leis an eagraíocht móréachtaí oibriúcháin a bhaint amach lena linn. Bhí feabhsuithe leantacha ann freisin in éifeachtúlacht agus i gcomhphlé agus i gcomhar leis an nGarda Síochána.

Bhí roinnt athruithe breise ann ar an reachtaíocht lena rialaítear maoirseacht ar na póilíní, rud ar forbairt dhearfach é. Tá dóchas ag an gCoimisiún go sonraíonn sé sin tús le céim comhrá chuidithigh agus le hathruithe a chuirfear ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.


Agus é aireach ar an bhfíric gur dóigh go méadófar sainchúram na heagraíochta de bharr na n-athruithe reachtacha atá achtaithe cheana féin, thug an Coimisiún tosaíocht sa bhliain 2015 do phlé sa dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na réitigh fhéideartha ar dheacrachtaí soláthar foirne.

Ar deireadh, ba mhaith leis an gCoimisiún a aithint gur thaispeáin foireann GSOC díriú suntasach ar sheirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil le linn na bliana 2015, rud ar bhliain dheacair í. Gabhaimid fíorbhuíochas leo.


# AGUISÍN 1: PRÓIFÍL NA nGEARÁNACH

Léirítear sna cairteacha thíos próifíl na ndaoine a rinne gearán chuig GSOC sa bhliain 2015. Tá na sonraí sin bunaithe ar shuirbhé a dháiltear ar gach gearánach nuair a osclaítear an gearán den chéad uair. Thug 40% de ghearánaigh (798 nduine) freagra ar an suirbhé sa bhliain 2015. Is gan ainm atá freagraí.


## Cairt 9: Inscne





## Cairt 10: Aois





## Cairt 11: Náisiúntacht





## Cairt 12: Tír bhreithe




## **Cairt 13:** Eitneacht





## **Cairt 15:** Stádas sláinte/míchumais





## **Cairt 14:** Céadteanga





## **Cairt 16:** Reiligiún




## **Cairt 17:** Stádas tithíochta




## **Cairt 18:** Leibhéal oideachais (an leibhéal is airde)





## **Cairt 19:** Stádas fostaíochta




# AGUISÍN 2: PRÓIFÍL NA nGARDAÍ A nDEARNADH GEARÁIN FÚTHU SA BHLIAIN 2015

Léirítear sa chairt thíos próifíl na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu, ó thaobh aicme agus inscne de, bunaithe ar gach ceann de na líomhaintí inghlactha a ndearnadh imscrúdú orthu sa bhliain 2015 i gcásanna inarbh eol aitheantas na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu.

**Cairt 20:** Céim an Gharda




**Cairt 21:** Inscne an Gharda



# AGUISÍN 3: GNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÍ SA BHLIAIN 2015 TAR ÉIS IMSCRÚDUITHE COIRIÚLA

## COMHAID A CUIREADH CHUIG AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ (SIP) SA BHLIAIN 2015

- Cuireadh 19 gcomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Bhain siad le 69 líomhain san iomlán. Áirítear leo sin imscrúduithe a tháinig as gearáin, as tarchuir ón nGarda Síochána agus as imscrúduithe chun leas an phobail.
- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh in dhá chás, ar bhain ceann amháin díobh le garda agus ar bhain an ceann eile díobh le duine den phobal.

## CÁSANNA OS COMHAIR NA gCÚIRTEANNA COIRIÚLA SA BHLIAIN 2015 DE DHROIM IMSCRÚDUITHE GSOC

Tháinig ocht gcás os comhair na gcúirteanna sa bhliain 2015, agus iad ag baint le seisear gardaí agus le ceathrar eile. De na cásanna sin, tharraing an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ceann amháin siar agus cuireadh ceithre thriail i gcrích. Ba iad seo a leanas na torthaí ar na trialacha sin:

- Fuarthas beirt ghardaí ciontach ar ionsaithe contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- Chaith an chúirt amach an toghairm i dtaca le ball den Gharda Síochána a cúisíodh i gcion atá contrártha d'alt 38(2)(a)(ii) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, (gan ceadúnas tiomána) ar an mbonn go n-íocfadh sé suim €200 le carthanas.
- Éigiontaíodh beirt bhall den phobal ó fhaisnéis bhréagach agus mhíthreorach a chur ar fáil contrártha d'alt 110 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

## TRIALACHA AR FEITHEAMH

Ag deireadh na bliana 2015, bhí trí ábhar mar thoradh ar imscrúduithe GSOC ag fanacht os comhair na gcúirteanna.

# AGUISÍN 4: CAITEACHAS 2015

I dtús na bliana 2015, leithdháileadh suim bhreise €1 mhilliún ar GSOC chun tabhairt faoi imscrúdú ar líomhaintí maidir le Fógraí Muirir Sheasta a chealú go héagórach. Thacaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais le comórtas tairisceana le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Imscrúdaithe. Mar sin féin, níor éirigh leis an gcomórtas agus níor bronnadh aon chonradh ina leith. Mar thoradh air sin, bhí an leithdháileadh gan chaitheamh fós sa bhuiséad don bhliain 2015 agus beidh sé mar chuid den bhuiséad don bhliain 2016.

Maidir le caiteachas ginearálta, bíonn GSOC i gcaidreamh leanúnach le Coimisiún Fennelly, le Coimisiún O'Higgins agus le Fiosrúchán Clark (faoi alt 109 d'Acht an Gharda Síochána 2005). Mar gheall ar an gcaidreamh leanúnach sin, is gá do GSOC comhairle dlí leanúnach a fháil agus freastal finnéithe ar na Coimisiúin/ar an bhFiosrúchán a éascú. Ní rabhthas in ann na costais bhreise a bhain leis na hábhair sin a sheachaint ná ní rabhthas ag súil leo ach oiread nuair a bhí an caiteachas bliantúil don bhliain 2015 á réamh-mheas.

In ainneoin na gcostas dlí sin, bhí €563,849 fágtha i mbuiséad GSOC don bhliain 2015.

**Tábla 5:** Caiteachas 2015

| Catagóir | An Bunbhuiséad | Caiteachas | |
|---|---|---|---|
| Tuarastal, Pá agus Liúntais | €5,450,000 | A01 - Pá agus Liúntais | €5,136,683.50 |
| | | *A02 - Taisteal agus Cothú* | *€78,484.04* |
| | | *A03 - Costais Theagmhasacha* | *€1,071,943.95* |
| | | *A04 - Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide* | *€49,792.40* |
| | | *A05 - Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige* | *€719,805.23* |
| | | *A06 - Costais Oifige agus Áitribh* | *€1,581,602.20* |
| | | *A07 - Comhairleacht* | *€00.00* |
| | | *A08 - Caiteachas Taighde* | *€9,840.00* |
| Neamhphá | €3,762,000 | Iomlán Neamhphá | €3,511,467.82 |
| Leithdháileadh Buiséid Iomlán 2015 | €9,212,000 | Caiteachas Iomlán Pá agus Neamhphá 2015 | €8,648,151.57 |
| **Gannchaiteachas Iomlán 2015 - €563,848.68** | | | |

**Tabhair faoi deara:** Ní dhearnadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na figiúirí a luaitear go fóill.

# AGUISÍN 5: OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE SA BHLIAIN 2015

## COMHDHÁLACHA AR FREASTALAÍODH ORTHU

- Comhdháil Líonra na hÉireann um Chearta an Duine – an Líonra Idirnáisiúnta um Chearta an Duine
- Comhdháil Foirne Ombudsman na hÉireann 2015 – Fóram na nOmbudsman
- An Seimineár Náisiúnta ar Phinsin Seirbhíse Poiblí – an Foras Riaracháin
- Comhdháil Inmheánach agus Seirbhíse Poiblí - Dlí-Chumann na hÉireann
- Comhdháil ar na Meáin Shóisialta – BMF Business Services
- Comhdháil eDiscovery - La Touche Training
- Máistir-Rang ar Bhainistíocht Coinbhleachta – Blossom Development
- Comhdháil Bhliantúil Chumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann – BIOA
- Ceardlann ar an bhFóiréinsic Shoghluaiste – Micro Systemation
- Básanna Amhrasacha a Imscrúdú: Ionchoisní agus Fiosrúcháin – Franco British Lawyers Society
- An Dlíthíocht Shibhialta agus an Dlí Coiriúil – Central Law Training
- Nuashonruithe ar Chionta Tiomána faoi Thionchar Dí agus ar Chionta Tráchta ar Bhóithre 2015 – Central Law Training

## CÚRSAÍ AGUS CEARDLANNA AR FREASTALAÍODH ORTHU

- Cúrsa oiliúna d'Oifigigh Idirchaidrimh le Teaghlaigh – Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann
- Idirghabháil Trasna Teorainneacha: Idir Chásanna Pearsanta agus Chásanna Domhanda – Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann
- Nuashonrú ar Chomhairle a Thabhairt do Chliaint atá faoi Choimeád an Gharda Síochána – Ashville Media Group
- Comhdháil Bhliantúil Soláthair – Achilles Procurement
- Lá Forbartha Gairmiúla agus Oiliúna d'Oifigigh Idirchaidrimh le Teaghlaigh – GSOC
- Oiliúint Saoráil Faisnéise – Arcline Training
- Feasacht ar Mheabhairshláinte – Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann
- Oiliúint maidir le hÍospartaigh na Coireachta – GSOC
- An Chuid is Fearr a Bhaint as Microsoft Word – GSOC
- Tráma agus Féinchúram a Thuiscint nuair atáthar ag Déileáil leis an Tionchar atá acu – an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)
- Scileanna Agallaimh – Carr Communications
- Cineálacha Cur Chuige atá Bunaithe ar Chearta an Duine a Chur i bhFeidhm – an Líonra Idirnáisiúnta um Chearta an Duine
- Ceardlann ar Chaidreamh leis na Meáin – Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí
- Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil – Gaelchultúr
- Croíscileanna san Eagarthóireacht Chóipe – Ionad na Scríbhneoirí Éireannacha
- Oiliúint i mBogearraí ArcGIS – ESRI Ireland

## BREISOIDEACHAS AR TUGADH FAOI LE CABHAIR ÓN SCÉIM UM AISÍOC TÁILLÍ

- BA i mBainistíocht Phoiblí – An Foras Riaracháin
- Máistreacht san Eadráin agus in Idirghabháil Coinbhleachta – Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
- Máistreacht Idirnáisiúnta sa Réiteach Coinbhleachta – Institiúid na Náisiún Aontaithe um Oiliúint agus Taighde (cianfhoghlaim)
- An Dlí Feidhmeach Fostaíochta – Óstaí an Rí
- Teastas san Idirghabháil – Coláiste Uí Ghríofa
- Céim Dlí LLB – Coláiste Uí Ghríofa

# AGUISÍN 6: DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

## MODHEOLAÍOCHT


Ba tríd an Ollchlár Duine le Duine (Barometer) ó Behaviour & Attitudes a rinneadh an obair allamuigh don suirbhé idir an 15 agus an 25 Eanáir 2016. Cuireadh é i gcomparáid le suirbhé tagarmhairc roimhe, rud a rinneadh trí Ollchlár teileafóin (TeleBarometer) idir an 3 agus an 15 Nollaig 2013. Léirítear comparáidí idir an dá thréimhse suirbhé nuair is iomchuí.

Cuireadh agallamh ar 1,007 nduine fhásta. Tugadh faoi na hagallaimh ar fud 63 phointe samplála ar leith in aghaidh an tsuirbhé. Laistigh de gach pointe samplála, roghnaíodh freagraithe bunaithe ar na rialuithe cuóta a bhaineann le hinscne, le haois agus le haicme shóisialta laistigh de réigiún – agus é mar aidhm leis a chinntiú go mbeadh an sampla iarmhartach ina mhicreacosma ar an daonra náisiúnta daoine fásta. Bhí na rialuithe cuóta bunaithe ar na staitisticí is déanaí Daonáirimh ar an daonra náisiúnta.


## PRÍOMHTHORTHAÍ

- Dúirt níos mó ná ochtar as gach deichniúr Éireannach fásta gur chuala siad faoi Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) roimhe seo.
- Glactar leis i gcoitinne (61% de dhaoine fásta) gurb é ról Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoin nGarda Síochána.

**Feasacht ar Ombudsman an Gharda Síochána**
Bonn: Gach Duine Fásta





**Feasacht ar Ról Ombudsman an Gharda Síochána**
Bonn: Gach Duine Fásta – 1,007




- Creideann seachtar as gach deichniúr fásta go gcuireann Ombudsman an Gharda Síochána seirbhís thábhachtach ar fáil.
- Bhí seachtar as gach deichniúr a chuir tuairim in iúl ar an eolas go bhfuil Ombudsman an Gharda Síochána neamhspleách. Shíl triúr as gach deichniúr gur cuid den Gharda Síochána é.
- Creideann seisear as gach deichniúr fásta go gcaithfeadh Ombudsman an Gharda Síochána go cothrom leo dá mbeadh fadhb acu.


**An gCuireann Ombudsman an Gharda Síochána Seirbhís Thábhachtach ar Fáil?**
Bonn: Gach Duine Fásta – 1,007




**Tuairimí faoin Ombudsman mar Chuid den Gharda Síochána**
Bonn: Gach Duine Fásta, gan iad sin atá neamhchinnte a áireamh





**Muinín as Cothroime Ombudsman an Gharda Síochána**
Bonn: Gach Duine Fásta – 1,007




- Tríd is tríd, bhí daoine dearfach faoi Ombudsman an Gharda Síochána agus faoin obair a dhéanann sé. Ina bhfreagra ar gach ráiteas, bhí freagraithe i bhfad níos dearfaí ná mar a bhí siad dhá bhliain ó shin. Ba shoiléire an dearfacht sin i dtaca leis an ráiteas go ndéanann GSOC gardaí níos cuntasaí as a ngníomhartha. I gcás 83% de fhreagraithe, d'aontaigh siad leis an ráiteas sin nó d'aontaigh siad go mór leis.

**Aontú le Ráitis a bhaineann leis an Ombudsman – Gan 'Ní hEol' a Áireamh**
Bonn: Gach Duine Fásta – gan iad sin atá neamhchinnte a áireamh





- De réir ár dtaighde, is cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar mhuinín as an nGarda Síochána. Taifeadadh na leibhéil is airde mhuinín as cumas an fhórsa seirbhís chúirtéiseach a chur ar fáil, coireanna a imscrúdú agus freagairt go héifeachtach d'iarrataí ar chabhair.

**Muinín as Gnéithe de Chumas an Gharda Síochána**
Bonn: Gach Duine Fásta – 1,007



- Tá méadú tagtha ar shásamh le teagmháil leis an nGarda Síochána le dhá bhliain anuas freisin.

**Sástacht leis an teagmháil is déanaí le gardaí**
Bonn: Gach duine a bhí i dteagmháil le gardaí – 262



Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

(01) 871 6700
Íosghlao 1890 600 800
(01) 814 7026
www.gardaombudsman.ie
info@gsoc.ie
@gardaombudsman